RSA



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2009

"Sa bhliain 2009 freisin, baineadh amach croíspríoc na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 de chuid an Rialtais maidir le gnóthú 252 bás ar a mhéad in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2012, trí bliana sula rabhthas ag súil léi."




*Ionad Tástála Tiomána an RSA, Cathair Phort Láirge*

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 1 |
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | 3 |
| Réamhrá | 4 |
| Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe | 10 |
| Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe | 19 |
| Caighdeáin Feithicle agus Forfheidhmiú | 40 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 48 |
| Aguisín | 56 |







Rangaítear Éire sa 7ú háit as 27 tír an AE. Ní ábhar ceiliúrtha é seo, áfach. Tá bearna mhór go fóill idir Éirinn agus na tíortha is sábháilte mar an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Ísiltír.

*Gay Byrne  Cathaoirleach an RSA*

# Ráiteas an Chathaoirligh



Fuair 241 duine bás in imbhuailtí bóithre in 2009. Sin saol 241 teaghlach iompaithe bunoscionn agus 241 tórramh nár cheart a bheith ann. In ainneoin na mbásanna uafásacha seo, is laghdú 14% é ar líon na ndaoine a cailleadh in 2008 – bliain inar éag 279 duine.

Má amharcaimid air níos leithne, is cosúil go bhfuil na rudaí cearta á ndéanamh againn maidir le sábháilteacht ar bhóithre na tíre seo. Maím é seo mar gur éirigh linn líon na mbásanna ar ár mbóithre a laghdú ceithre bliana as a chéile. Ba iad an dá bhliain atá i ndiaidh imeacht uainn an dá bhliain ba shábháilte ó cuireadh tús leis na taifid sa bhliain 1959.

Sa bhliain 2009 freisin, baineadh amach croísprioc na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 de chuid an Rialtais maidir le gnóthú 252 bás ar a mhéad in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2012, trí bliana sula rabhthas ag súil léi.

Is éacht ar leith é seo nuair a chuimhnítear ar ár bpointe tosaithe ceithre bliana gearra ó shin nuair a chailleamar beagnach 400 duine ar na bóithre. Maith sibh uile agus go raibh maith agaibh. Sibhse an difríocht.

Cuireann sé seo in iúl cad is féidir a bhaint amach nuair a bhímid uile freagrach as ár ngníomhartha agus nuair a dhéanaimid athruithe beaga ar ár n-iompraíocht ar na bóithre, agus nuair atá tacaíocht á fáil ar thaobh an bhóthair agus sna Cúirteanna mar thoradh ar fhorfheidhmiú láidir.

Meastar go bhfuil Éire ar cheann de thíortha an AE is fearr ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de. Rangaítear Éire sa 7ú háit as 27 tír an AE. Ní ábhar ceiliúrtha é seo, áfach. Tá bearna mhór go fóill idir Éire agus na tíortha is sábháilte mar an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Ísiltír.

Is eol dúinn cad atá le déanamh againn. Ní mór na bearta eile i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

Caithfear an gréasán ceamaraí sábháilteachta a thabhairt isteach le dul i ngleic lenár gcultúr millteanach luais. Mura gcreideann sibh go bhfuil an-dúil againn sa luas, tugaigí cuairt ar otharlann ar bith sa tír seo agus fiafraigh de na sainchomhairleoirí a bhíonn ag plé le leigheas éigeandála. D'inis cuid acu a chleachtaigh leigheas i dtíortha eile nach bhfaca siad a leithéid de charranna, de ghluaisrothair, de veaineanna agus de thrucailí ag dul isteach i ndíoga, i mballaí, i bpáirceanna agus in úsáideoirí bóithre eile faoi an-luas ach amháin in Éirinn siocair go mbímid ag tiomáint róghasta leis na cúinsí a láimhseáil.

In ainneoin dul chun cinn i réiteach na faidhbe maidir le tiomáint ar meisce, ní thig linn creidiúint go bhfuil an fhadhb seo curtha ina ceart cheana féin, mar níl sé. Caithfimid reachtaíocht a thabhairt isteach leis an teorainn um thiomáint ar meisce a ísliú agus le bearta a thabhairt isteach le dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar drugaí.

Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na ndaoine óga atá ag fáil bháis ar ár mbóithre, is iadsan an grúpa is mó i mbaol fós. Sin an fáth nach mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a gcuirimid oiliúint tiomána ar dhaoine óga.

Is ann do roinnt tiománaithe, ar líon an-bheag iad, a shíleann gur clós súgartha na bóithre poiblí. Ciontóirí atitimeacha atá iontu agus is tiománaithe an bháis iad. Is cuma leo faoina saol féin agus faoi shaol daoine eile. Is beag is féidir a dhéanamh faoina n-iompraíocht. Is é an t-aon réiteach ar an scéal a gcead tiomána ar na bóithre poiblí a bhaint díobh agus iallach a chur orthu é a thuilleamh in athuair.

Ní mór dúinn a bhfuil de dhíth ar an nGarda Síochána agus ar na Cúirteanna a thabhairt dóibh le gur féidir leo déileáil leis na tiománaithe seo.

Má leanann daoine agus gníomhaireachtaí orthu, faoi mar a rinne siad le ceithre bliana anuas, ag léiriú ionracais agus ceannaireachta i ndul i gleic le sábháilteacht ar bhóithre, beimid in ann níos mó saolta a shábháil, an saol seo agatsa b'fhéidir.

**Gay Byrne** *Cathaoirleach an RSA*

Beidh daoine amuigh ansin den bharúil go bhfuil go leor déanta againn agus nach bhfuil call ar bith le tabhairt isteach beart nua i leith sábháilteachta ar bhóithre.

Faoi mar atá ráite agam cheana féin, agus is fiú go mór é a rá arís, is é an dúshlán atá romhainn anois an laghdú ar bhásanna ar na bóithre a choinneáil agus é a laghdú níos mó. Is féidir é a dhéanamh, faoi mar a rinneadh i dtíortha eile é.

*Noel Brett, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an RSA*













*Ceannoifig an RSA, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo*

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Is í seo an tríú tuarascáil den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.



Leagtar amach obair an RSA don bhliain 2009 i dteannta mionsonraí faoina maoirseacht ar an maoiniú agus ar na hacmhainní atá curtha ar fáil ag an Rialtas.

Bliain an-ghnóthach ba ea 2009 don RSA in uile phríomhrannóg na heagraíochta.

Maidir le Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe, choinníomar meánam náisiúnta feithimh 10 seachtaine le haghaidh tástáil tiomána, agus sáraíodh é seo i mórán láithreacha. Seoladh próiseas náisiúnta sainchomhairliúcháin faoinár gcuid pleananna an bealach a gcuirtear oiliúint tiomána ar thiománaithe i mbun foghlama a athchóiriú.

Maidir leis an rannóg, Caighdeáin Feithicle agus Forfheidhmiú, mhéadaíomar an méid forfheidhmithe, go háirithe i ndáil le huaireanta tiománaithe, go dtí na leibhéil b'airde riamh. Anuas air sin, thugamar faoi mhórfheachtas le hoideachas a chur ar oibreoirí agus ar thiománaithe faoina gcuid oibleagáidí dlí agus sábháilteachta ar na bóithre.

In ainneoin ciorruithe ar mhaoiniú, chuir an Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe sraith feachtas mórmheán le deimhin a dhéanamh go raibh an pobal mór comhfhiosach ar shábháilteacht ar bhóithre gach uair a thug siad aghaidh ar an mbóthar. Sa mhullach air sin, sheolamar traidhfil cláir agus acmhainní nua oideachais i leith sábháilteachta ar bhóithre a chuirfear ar fáil i scoileanna, i gcoláistí agus sa phobal dá thoradh.

Ba é an éacht ba mhó in 2009 an laghdú ar líon na mbásanna ar na bóithre agus baint amach sprioc Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais trí bliana sula rabhthas ag súil léi.

Beidh daoine amuigh ansin den bharúil go bhfuil go leor déanta againn agus nach bhfuil call ar bith le tabhairt isteach beart nua i leith sábháilteachta ar bhóithre.

Faoi mar atá ráite agam cheana féin, agus is fiú go mór é a rá arís, is é an dúshlán atá romhainn anois an laghdú ar bhásanna ar na bóithre a choinneáil agus é a laghdú níos mó. Is féidir é a dhéanamh, faoi mar a rinneadh i dtíortha eile é.

Chuige sin, coinneoidh an RSA ag gabháil leis na bearta eile atá le cur i bhfeidhm go fóill sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Tapaím an deis seo chun mo bhuíochas a chur in iúl don Chathaoirleach agus don Bhord as ucht a gcuid ceannaireachta agus comhairle i gcaitheamh na bliana. Táim an-bhuíoch go háirithe de thiomantas fhoireann an RSA a d'oibrigh le linn bliain dheacair agus nár díríodh riamh ónár dtasc ná ónár mana eagraíochtúil – 'oibriú lena chéile le saolta a shábháil'.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach úsáideoir bóithre. B'iontach ar tharla ar ár mbóithre le deich mbliana anuas agus is sibhse is cúis leis an athrú mór – dearcadh agus iompraíocht a athrú chun leasa gach duine. Is mór agam an méid atá déanta agaibh uile.

Táimid go mór faoi chomaoin na meán i ngach cearn den tír. Ní bheimís ábalta ár gcuid teachtaireachtaí a shábhálann daoine a chur in iúl gan bhur dtacaíocht.

Ní foláir buíochas a ghabháil lenár gcuid comhpháirtithe fosta a chuidigh linn, nó a chuir lenár n-iomad feachtas in 2009 ó thaobh cúrsaí airgeadais de. Is mór againn bhur dtacaíocht, agus níos tábhachtaí ná sin, b'éifeachtach a bhí sí.

Agus mé i m'oifigeach cuntasaíochta, glacaim freagracht as úsáid chuí €32.834 milliún de chistí an Státchiste atá curtha ar fáil don Údarás. Sonraítear cuntais airgeadais an RSA ag deireadh na tuarascála seo.

**Noel Brett** *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an RSA*

# Réamhrá...

## BUNÚ AN T-ÚDARÁIS

Comhlacht reachtúil íad an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a cruthaíodh faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Bunaíodh an RSA ar an 13 Meán Fómhair 2006 ag Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimhir 477 de 2006).

### ÁR MISEAN

**Is é aidhm an RSA saolta a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is é'Oibriú lena Chéile le Saolta a Shábháil' atá mar sprioc glactha ag Bord an RSA.**

### FEIDHM

**Leagtar na feidhmeanna a bhfuil an RSA freagrach astu amach san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006.**

**Cuimsíonn siad tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin feithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre, oideachas tiománaithe agus taighde ar shábháilteacht ar bhóithre.**

**Tá na feidhmeanna seo leagtha ar na luchtanna stiúrthóireachta seo a leanas:**

- **Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe**
- **Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**
- **Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí**
- **Faigheann gach stiúrthóireacht tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha.**



## BAILL AN BHOIRD

Is iad na daoine seo a leanas baill an bhoird, ceaptha ag an Aire Iompair ag an am, an tUasal Martin Cullen TD, ar feadh tréimhse cúig bliana go dtí an 1 Meán Fómhair 2011.



An tUasal Gay Byrne
Cathaoirleach



Bean Áine Cornally



Bean Myra Garrett



An tUasal Paul Haran
*Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair*



An tUasal Thomas Kelly



An tUasal Aaron MacHale



Bean Ann McGuinness



An tUasal Tony McNamara
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí*



An tUasal John O'Gorman

## AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN

Tá foireann fhaofa de chomhionann 309 post lánaimseartha ag an RSA, arna n-eagrú i gceithre aonad de sholáthar seirbhíse:

1. Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú 2. Seirbhísí Corparáideacha 3. Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe 4. Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe



An tUasal Noel Brett
*Príomhfheidhmeannach*



Bean Denise Barry
*Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí*



An tUasal Peter Dennehy
*Stiúrthóir, Seirbhísí Corparáideacha*



An tUasal Declan Naughton
*Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe*



An tUasal Michael Rowland
*Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe*

**Cailleadh 241** duine in imbhuailtí bóithre in 2009; laghdú 38 nó 14% í gcomparáid le 2008 nuair a fuair 279 duine bás.

## ATHBHREITHNIÚ AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2009


**Cailleadh 241 duine in imbhuailtí bóithre i 2009; laghdú 38 nó 14% í gcomparáid le 2008 nuair a fuair 279 duine bás.**

Léiríonn sé seo laghdú 49% ar bhásanna bóithre i gcomparáid le 1997 nuair a maraíodh 472 duine ar bhóithre na hÉireann.


Ba í 2009 an bhliain ba shábháilte ar bhóithre na hÉireann ó cuireadh tús leis na taifid thiar sa bhliain 1959. Agus é curtha mar mheán míosúil, ba é líon na mbásanna in 2009 20 in aghaidh na míosa. In 2005, 33 a bhí ann, in 2006 30 a bhí ann, 28 sa bhliain 2007 agus ba é 23 an meán míosúil in 2008.

Is é bunchuspóir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 básanna bóthair a laghdú go 60 ar a mhéad in aghaidh gach milliúin den daonra faoi dheireadh na bliana 2012. Is ionann é seo agus meán de 21 bás bóthair in aghaidh na míosa nó 252 bás in aghaidh na bliana.


*Miondealú sealadach ar bhásanna úsáideoirí bóithre in 2009*




*Sábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann i gComhthéacs – 1959-2009*




*Sábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann i gComhthéacs – 1959-2009*




## SEASAMH NA hÉIREANN MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE I gCOMPARÁID LE TÍORTHA EILE

De réir figiúirí sealadacha arna n-eisiúint ag EU[1], tá Éire ar cheann de thíortha an AE is fearr ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de. Rangaítear Éire sa 7ú háit as 27 tír an AE.

Bhí Éire ar cheann de thíortha na hEorpa ab fhearr a d'fheabhsaigh ó thaobh laghdú ar bhásanna bóthair de idir 2008 agus 2009.

Cé gur éirigh go maith le hÉirinn san AE in 2009, fós féin tá bearna mhór idir Éirinn agus na tíortha dea-chleachtais mar an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Íslitír. Taifeadadh 54 bás bóthair in aghaidh an mhilliúin den daonra in Éirinn in 2009 i gcomparáid leis an RA, an tSualainn agus an Íslitír inar taifeadadh níos lú ná 50 bás in aghaidh an mhilliúin den daonra.




1. http://ec.europa.eu/transport/road_safety/consultations/2009_06_22_training_education_en.htm

## STRAITÉIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2007-2012




**Tá freagracht ar an t-Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, de réir an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, as cur le chéile agus as tuairisciú go foirmiúil ar chur i bhfeidhm an tríú Straitéis Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012.**

Rinne an Taoiseach, an tAire Iompair agus an tAire Dlí agus Cirt an Straitéis a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2007.

Is é príomhaidhm na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 imbhuailtí, básanna agus gortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú faoi 30%. Tá sé mar aidhm go mbeidh Éire ar aon dul leis na tíortha a meastar go bhfuil na bóithre is sábháilte acu ar domhan, tíortha mar an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

Is iad na ceithre ghné seo a leanas a bheidh mar chreat beartais na Straitéise: Oideachas, Forfheidhmiú, Innealtóireacht agus Meastóireacht.

Forálann an Straitéis do 126 gníomhaíocht ar leith thar thréimhse sé bliana:

- saolta a shábháil agus tromghortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú;
- Éire a thabhairt ar aon chéim leis na tíortha dea-chleachtais um shábháilteacht ar bhóithre;
- líon na mbásanna a laghdú go 60 ar a mhéad in aghaidh gach milliúin den daonra faoi dheireadh na bliana 2012, mar aon le laghduithe anuas soiléirithe i ngach bliain den straitéis. Is ionann é seo agus meánlíon de 21 bás bóthair in aghaidh na míosa nó 252 bás in aghaidh na bliana.
- gortuithe a laghdú faoi 25% ar a laghad.

Tá siad seo a leanas ar na gníomhartha a baineadh amach i 2009:

- comhaontú an Rialtais laghdú ar an teorainn alcóil san fhuil ó 80mg anuas go 50mg a áireamh sa Bhille um Thrácht ar Bhóithre
- Ba í 2009 an bhliain ba shábháilte ar bhóithre na hÉireann ó cuireadh tús leis na taifid thiar sa bhliain 1959. Sa bhliain 2009 freisin, baineadh amach sprioc an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre i dtaobh gnóthú 252 bás ar a mhéad in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2012, trí bliana sula rabhthas ag súil léi. Ba é 20 meánráta míosúil na mbásanna in 2009 i gcomórtas le 23 in 2008 agus 28 sa bhliain 2007.

### Painéal Comhairleach Beartais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Bunaíodh Painéal Comhairleach, ar a bhfuil saineolaithe um shábháilteacht ar bhóithre, chun tacú le hobair an RSA i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht bearta comhtháite beartais a bhaineann leis an straitéis.

Déanfaidh an Grúpa Comhairleach an méid seo a leanas:

- cumarsáid agus sainchomhairliúchán idir na páirtithe leasmhara a éascú;
- rochtain ar eolas agus ar thaighde a sholáthar;
- cuidiú leis an t-Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht a gcuid beartas.



# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras um thástáil tiománaithe agus as bainistiú an chórais um cheadúnú tiománaithe. Is é cuspóir na Stiúrthóireachta cinntiú go ndéanann an bealach a bhfoghlaimíonn tiománaithe conas tiomáint agus na rialacha tiomána a leanann siad na bóithre níos sábháilte do chách.



Tá an Stiúrthóireacht freagrach as na tascanna áirithe seo:

- an tseirbhís um thástáil tiománaithe a sholáthar;
- teagasc tiomána a rialú;
- an córas um cheadúnú tiománaithe a mhaoirsiú;
- soláthar na Seirbhíse um Thástáil Teoirice Tiomána a mhaoirsiú;
- córas na bpointí pionóis a bhainistiú.



## AN tSEIRBHÍS UM THÁSTÁIL TIOMÁNAITHE

Is é cuspóir na seirbhíse um thástáil tiománaithe tástáil tiomána a sholáthar atá cothrom agus éifeachtach de réir threoir an AE agus reachtaíocht náisiúnta. Cuirtear na tástálacha ar fáil ó 49 ionad ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do mheánam náisiúnta feithimh 10 seachtaine a choinneáil do chustaiméirí agus baineadh é seo amach i gcaitheamh na bliana 2009. Ag deireadh na bliana 2009, b'ionann an meánam náisiúnta feithimh agus 9 seachtaine agus as an 42,404 duine a bhí ag feitheamh ar thástáil, bhí coinne déanta le haghaidh 19,261 acu, ní raibh 7,178 duine ar fáil le haghaidh coinne thástála agus bhí 15,965 ag feitheamh ar dháta na coinne. Leagtar amach sa tábla thíos amanna feithimh amhail an 31 Nollaig 2009.

### MEÁNAM FEITHIMH – GACH TÁSTÁIL TIOMÁNA AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2009

| Réigiún/Ionad Tástála | Meánam Feithimh de réir Seachtainí |
|---|---|
| **AN tIARTHAR** | |
| Baile Átha Luain | 10 |
| Biorra | 9 |
| Caisleán an Bharraigh | 10 |
| An Clochán | 9 |
| Inis | 9 |
| Gaillimh | 9 |
| Baile Locha Riach | 10 |
| Ros Comáin | 12 |
| Tuaim | 9 |
| **AN tIARTHUAISCEART** | |
| Béal an Átha | 10 |
| Bun Cranncha | 13 |
| Cora Droma Rúisc | 11 |
| An Cabhán | 10 |
| Dún na nGall | 9 |
| Leitir Ceanainn | 12 |
| An Longfort | 12 |
| Muineachán | 10 |
| Sligeach | 12 |
| **AN tIARDHEISCEART** | |
| Corcaigh | 11 |
| Cill Airne | 10 |
| Cill Rois | 11 |
| Luimneach | 10 |
| Mala | 10 |
| An Caisleán Nua | 7 |
| Sionainn | 8 |
| An Sciobairín | 9 |
| Trá Lí | 8 |

| Réigiún/Ionad Tástála | Meánam Feithimh de réir Seachtainí |
|---|---|
| **AN tOIRDHEISCEART** | |
| Ceatharlach | 10 |
| Cluain Meala | 9 |
| Dún Garbhán | 10 |
| Cill Chainnigh | 9 |
| An tAonach | 11 |
| Port Laoise | 9 |
| Durlas | 10 |
| Tiobraid Árann | 9 |
| Port Láirge | 9 |
| Loch Garman | 10 |
| **DEISCEART LAIGHEAN** | |
| Dún Dealgan | 13 |
| Fionnghlas | 9 |
| An Muileann gCearr | 10 |
| An Uaimh | 10 |
| Ráth Eanaigh | 10 |
| **DEISCEART LAIGHEAN** | |
| Baile an Teampaill | 12 |
| Guaire | 11 |
| An Nás | 10 |
| Ráth Garbh | 11 |
| Tamhlacht | 13 |
| Tulach Mhór | 12 |
| Cill Mhantáin | 12 |
| **Méanam Náisiunta** | **9** |

## TORTHAÍ TÁSTÁLA TIOMÁNA DE RÉIR CATAGÓIR FEITHICLE 2009

| CUR SÍOS AR AN gCATAGÓIR | CATAGÓIR | PAS | TEIP | IOMLÁN | % PAS |
|---|---|---|---|---|---|
| Gluaisrothar (níos mó ná 125cc) | A | 2,636 | 1,169 | 3,805 | 69% |
| Gluaisrothar (51-125cc) | A1 | 134 | 213 | 347 | 39% |
| Gluaisrothar (gan a bheith níos mó ná 50cc agus/nó gan a bheith níos gasta ná 45km/h) | M | 5 | 9 | 14 | 36% |
| Carr | B | 50,589 | 60,105 | 110,694 | 46% |
| Trucail (G.V.W. níos troime ná 7,500kg) | C | 3,776 | 2,198 | 5,974 | 63% |
| Trucail (G.V.W. níos troime ná 3,501-7,500 kg) | C1 | 181 | 97 | 278 | 65% |
| Eolas Praiticiúil CPC – Trucailí | CPC | 33 | 1 | 34 | 97% |
| Bus | D | 617 | 300 | 917 | 67% |
| Mionbhus (9-16 shuíochán do phaisinéirí) | D1 | 336 | 165 | 501 | 67% |
| Eolas Praiticiúil CPC – Bus | | 434 | 28 | 462 | 94% |
| Carr agus Leantóir | EB | 221 | 125 | 346 | 64% |
| Trucail agus Leantóir | EC | 1,748 | 679 | 2,427 | 72% |
| Trucail C1 agus Leantóir | EC1 | 7 | 4 | 11 | 63% |
| Bus agus Leantóir | ED | 0 | 0 | 0 | 0% |
| Mionbhus agus Leantóir | ED1 | 3 | 0 | 3 | 100% |
| Feithicil Oibre/Tarracóir | W | 6 | 4 | 10 | 60% |
| Iomlán | Iomlán | 60,726 | 65,097 | 125,823 | 48% |

## TORTHAÍ TÁSTÁLA TIOMÁNA DE RÉIR INSCNE 2009

| CATAGÓIR | FIR | | | | MNÁ | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Pas | Teip | Iomlán | % Pas | Pas | Teip | Iomlán | % Pas |
| IOMLÁN | 35,214 | 34,796 | 70,010 | 50.3 | 25,512 | 30,301 | 55,813 | 45.7 |



## TORTHAÍ TÁSTÁLA TIOMÁNA, 2009


| CATAGÓIR AOISE | PAS | TEIP | IOMLÁN | % PAS |
|---|---|---|---|---|
| **16 - 21 bliana** | 17,622 | 17,421 | 35,043 | 50% |
| **22 - 25 bliana** | 13,340 | 12,132 | 25,472 | 52% |
| **26 bliain nó níos sine** | 29,764 | 35,544 | 65,308 | 46% |
| **Iomláin** | **60,726** | **65,097** | **125,823** | **48%** |

Approved Driving Instructor

## TEAGASC TIOMÁNA A RIALÚ

Is tábhachtach go bhfoghlaimíonn tiománaithe nua conas tiomáint go sábháilte má táthar le leanúint ar aghaidh leis an laghdú ar bhásanna agus ar ghortuithe ar ár mbóithre. Is minic a fhanann na nósanna agus an iompraíocht a fhoghlaimímid i rith chéim na foghlama linn a fhad agus a bhímid ag tiomáint ar na bóithre. Is ríthábhachtach go mbíonn cór gairmiúil teagascóirí tiomána ann. Tá an RSA i mbun oibre le blianta beaga anuas leis an tionscal teagasc tiomána a rialú. Ón 1 Bealtaine 2009 i leith, níor mhór go mbeadh na teagascóirí tiomána uile a chuireann oiliúint ar thiománaithe foghlama ar íocaíocht ina dTeagascóirí Tiomána Formheasta (ADI). Le stádas ADI a bhaint amach, ní mór do dhuine an próiseas scrúdaithe trí chéim a phasáil (nó cáiliú le haghaidh díolúine uaidh) a chlúdaíonn eolas ar shábháilteacht ar bhóithre, cumas tiomána agus cumas soláthair teagaisc. Tá sonraí faoi ADIanna agus faoina gcuid láithreacha le fáil ar www.rsa.ie. Tugtar faisnéis sa tábla thíos faoi ghníomhaíochtaí rialála ADI in 2009.

*Stádas ADI - deireadh mhí na Nollag 2009*



## CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Tá chóras coitianta ceadúnaithe i measc Bhallstáit an AE. Is éard is ciall leis seo gur bailí ceadúnas tiomána Éireannach i ngach Ballstát. Tá an RSA freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibriúchán an chórais um cheadúnú tiománaithe, lena n-áirítear idirbheartaíocht maidir le cúrsaí ceadúnaithe tiománaithe ag leibhéal an AE. Is ar na húdaráis áitiúla atá an fhreagracht maidir le heisiúint ceadúnais foghlaimeora agus ceadúnais tiomána tríd an líonra d'Oifigí Mótarchánach (MTOanna).

Is é ról an RSA treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint chuig na MTOanna agus comhairle a chur ar an Aire Iompair maidir le ceisteanna ceadúnaithe de réir mar a iarrtar. Tugtar sonraí faoin líon ceadúnais tiomána atá ann faoi láthair i dTábla 7.

*Tábla 7: Ceadúnais Reatha Tiomána amhail an 31 Nollaig 2009 de réir Cineáil i ngach Údarás Ceadúnúcháin*

| Údarás Ceadúnúcháin | Ceadúnais Foghlaimeora | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais Tríbhliantúla | Ceadúnais 10 mBliana | Líon Iomlán na gCeadúnas Tiomána |
|---|---|---|---|---|---|
| **COMHAIRLÍ CONTAE** | | | | | |
| **CEATHARLACH** | 4,451 | 126 | 2,459 | 29,692 | 36,728 |
| **AN CABHÁN** | 4,554 | 94 | 3,266 | 33,492 | 41,406 |
| **AN CLÁR** | 6,928 | 246 | 5,620 | 60,371 | 73,165 |
| ***CORCAIGH** | 30,982 | 835 | 24,154 | 258,430 | 314,401 |
| **DÚN NA nGALL** | 8,364 | 278 | 7,223 | 80,482 | 96,347 |
| ***GAILLIMH** | 15,441 | 361 | 10,819 | 123,852 | 150,473 |
| **CIARRAÍ** | 8,606 | 232 | 7,637 | 75,543 | 92,018 |
| **CILL DARA** | 12,931 | 230 | 6,384 | 101,336 | 120,881 |
| **CILL CHAINNIGH** | 6,243 | 263 | 4,081 | 44,802 | 55,389 |
| **LAOIS** | 4,760 | 196 | 2,979 | 33,389 | 41,324 |
| **LIATROIM** | 1,777 | 54 | 1,701 | 15,981 | 19,513 |
| **LUIMNEACH** | 7,964 | 225 | 6,301 | 71,428 | 85,918 |
| **AN LONGFORT** | 2,601 | 47 | 1,833 | 18,017 | 22,498 |
| **LÚ** | 7,651 | 225 | 4,660 | 53,764 | 66,300 |
| **MAIGH EO** | 7,609 | 227 | 6,298 | 66,176 | 80,310 |
| **AN MHÍ** | 10,310 | 246 | 6,419 | 85,170 | 102,145 |
| **MUINEACHÁN** | 3,533 | 98 | 2,912 | 30,877 | 37,420 |
| **UÍBH FHAILÍ** | 4,809 | 125 | 3,172 | 35,409 | 43,515 |
| **ROS COMÁIN** | 3,753 | 121 | 3,556 | 31,897 | 39,327 |
| **SLIGEACH** | 3,884 | 139 | 3,398 | 32,549 | 39,970 |
| **TIOBRAID ÁR.THUAIDH** | 4,440 | 154 | 3,708 | 35,781 | 44,083 |
| **TIOBRAID ÁR.THEAS** | 6,303 | 203 | 4,467 | 43,446 | 54,419 |
| **PORT LÁIRGE** | 3,673 | 118 | 3,251 | 31,896 | 38,938 |
| **AN IARMHÍ** | 5,533 | 173 | 3,695 | 40,450 | 49,851 |
| **LOCH GARMAN** | 9,405 | 757 | 6,522 | 70,188 | 86,872 |
| **CILL MHANTÁIN** | 8,768 | 337 | 5,761 | 66,779 | 81,645 |
| **COMHAIRLÍ CATHRACH** | | | | | |
| ***Baile Átha Cliath** | 83,178 | 1,962 | 51,801 | 538,840 | 675,781 |
| **Luimneach** | 3,910 | 86 | 2,484 | 22,594 | 29,074 |
| **Port Láirge** | 3,754 | 68 | 2,098 | 22,776 | 28,696 |
| **IOMLÁN** | **286,115** | **8,226** | **198,659** | **2,155,407** | **2,648,407** |
| **Athrú ó thoradh an 31 Nollaig 2008** | **-33,712** | **480** | **9,065** | **40,438** | **16,271** |

**Cathair agus Contae*



## Athchóiriú an Chórais um Cheadúnú Tiománaithe

I mí na Nollag 2008, de bhun freagairtí ó pháirtithe leasmhara éagsúla agus i dteannta taighde a rinneadh ar éifeachtacht chórais GDL i dtíortha eile, cuireadh traidhfil moltaí faoi bhráid an Aire Iompair lena mbreithniú. Díríodh ar thiománaithe foghlama agus ar conas is féidir linn tosca tiomána níos deacra a chur rompu gan a gcuid sábháilteachta a chur i gcontúirt. De bhun freagairtí ó pháirtithe leasmhara éagsúla agus i dteannta taighde a rinneadh ar éifeachtacht chórais GDL i dtíortha eile, cuireadh traidhfil moltaí faoi bhráid an Aire Iompair lena mbreithniú.

## Pointí Pionóis

**GET THE POINT NOT THE POINTS!**

Tugadh pointí pionóis isteach in Éirinn sa bhliain 2002. Bhí 46 cion i gcóras na bpointí pionóis ag deireadh na bliana 2009. Leathnaíodh raon na gcionta pointí pionóis an 1 Bealtaine 2009, nuair a cuireadh cúig chion bhreise leo. Rinneadh cion pointe pionóis den chion i leith guthán póca a bheith i do láimh agus tú ag tiomáint i Meán Fómhair 2006. Ón 1 Bealtaine 2009 ar aghaidh, rinneadh cionta pointe pionóis de chúig chion bhreise tráchta a bhaineann leis an NCT agus le tiomáint feithiclí atá faoi lochtanna contúirteacha. Seo a leanas na cionta breise:

1. Feithicil (carr) a úsáid gan deimhniú an NCT;
2. Feithicil a thiomáint sula gcuirtear locht contúirteach i gceart;
3. Feithicil atá faoi lochtanna contúirteacha a thiomáint;
4. Feithicil a úsáid gan deimhniú ar ródacmhainneacht;
5. Tuairteálacha in aghaidh droichid, etc.

PDFanna de dhá thábla (Táblaí 8 agus 9) faoi phointí pionóis faoi iamh lena gcur isteach.

## Tástáil Teoirice Tiomána

Ní foláir do dhuine atá ag iarraidh ceadúnas foghlaimeora i gcatagóir ceadúnais a fháil den chéad uair pas a fháil i dtástáil teoirice ar dtús. I measc na n-ábhar a scrúdaítear tá siad seo a leanas: eolas ar shábháilteacht ar bhóithre; gnéithe teicniúla d'fheithiclí; tiomáint timpeallachta; agus na gnéithe dlíthiúla a bhaineann le tiomáint. Tá tástálacha ar leith ann faoi choinne busanna, trucailí, gluaisrothar, carranna agus feithiclí oibre. I mí Mheán Fómhair 2008, tugadh tástáil teoirice isteach faoi choinne busanna agus tugadh tástáil dá samhail isteach faoi choinne trucailí i mí Mheán Fómhair 2009 mar chuid den Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) le haghaidh tiománaithe gairmiúla bus agus trucaile.





## LÍON NA bPOINTÍ PIONÓIS (FAOI LÁTHAIR) ARNA nEISIÚINT CHUIG TIOMÁNAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2009 – (FIGIÚR CARNACH ÓN RÉAMHRÁ)

| **CONTAE | 1 P.P | 2 P.P | 3 P.P | 4 P.P | 5 P.P | 6 P.P | 7 P.P | 8 P.P | 9 P.P | 10 P.P | 11 P.P | 12 P.P* | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEATHARLACH | 143 | 4,824 | 56 | 1,289 | 30 | 335 | 7 | 94 | 5 | 30 | 2 | 5 | 6,820 |
| AN CABHÁN | 123 | 4,644 | 71 | 930 | 25 | 243 | 8 | 41 | 1 | 9 | 1 | | 6,096 |
| AN CLÁR | 180 | 9,107 | 87 | 1,920 | 53 | 460 | 12 | 103 | 4 | 23 | 2 | 6 | 11,957 |
| CORCAIGH | 2,022 | 34,456 | 807 | 7,416 | 480 | 1,871 | 158 | 548 | 70 | 145 | 33 | 26 | 48,032 |
| DÚN NA nGALL | 261 | 8,850 | 111 | 1,663 | 63 | 378 | 16 | 99 | 5 | 27 | 4 | | 11,477 |
| GAILLIMH | 359 | 14,832 | 122 | 2,780 | 82 | 638 | 25 | 168 | 5 | 33 | 2 | 2 | 19,048 |
| CIARRAÍ | 153 | 9,100 | 65 | 1,734 | 41 | 401 | 16 | 127 | 5 | 28 | 1 | 5 | 11,676 |
| CILL DARA | 502 | 19,537 | 288 | 5,140 | 175 | 1,446 | 56 | 443 | 27 | 100 | 7 | 6 | 27,727 |
| CILL CHAINNIGH | 274 | 8,079 | 111 | 1,936 | 48 | 541 | 17 | 159 | 10 | 45 | 2 | 8 | 11,230 |
| LAOIS | 108 | 6,355 | 55 | 1,689 | 33 | 480 | 16 | 129 | 9 | 34 | 1 | 7 | 8,916 |
| LIATROIM | 41 | 2,200 | 27 | 471 | 13 | 93 | 3 | 18 | 2 | | | | 2,868 |
| COMHAIRLE CONTAE LUIMNIGH | 435 | 9,784 | 151 | 1,960 | 63 | 404 | 21 | 126 | 6 | 27 | 5 | 1 | 12,983 |
| AN LONGFORT | 48 | 2,875 | 16 | 623 | 17 | 130 | 4 | 38 | 4 | 9 | | | 3,764 |
| LÚ | 244 | 8,225 | 110 | 1,672 | 47 | 354 | 23 | 69 | 6 | 23 | 1 | 1 | 10,775 |
| MAIGH EO | 126 | 7,626 | 58 | 1,380 | 38 | 299 | 14 | 71 | 3 | 28 | 2 | 1 | 9,646 |
| AN MHÍ | 563 | 15,371 | 313 | 3,605 | 148 | 905 | 46 | 227 | 20 | 66 | 6 | 4 | 21,274 |
| MUINEACHÁN | 88 | 3,698 | 47 | 673 | 29 | 139 | 6 | 25 | 6 | | | | 4,711 |
| UÍBH FHAILÍ | 97 | 6,136 | 38 | 1,478 | 31 | 370 | 8 | 92 | 6 | 28 | 2 | | 8,286 |
| ROS COMÁIN | 99 | 4,661 | 36 | 911 | 14 | 234 | 5 | 44 | 3 | 9 | 1 | 1 | 6,018 |
| SLIGEACH | 147 | 5,206 | 63 | 1,164 | 34 | 277 | 22 | 69 | 6 | 9 | 1 | 5 | 7,003 |
| TIOBRAID ÁRANN THUAIDH | 87 | 5,609 | 46 | 1,262 | 40 | 317 | 6 | 79 | 18 | 3 | | | 7,467 |
| TIOBRAID ÁRANN THEAS | 163 | 6,358 | 50 | 1,351 | 31 | 367 | 22 | 73 | 5 | 21 | 4 | 3 | 8,448 |
| COMHAIRLE CONTAE PHORT LÁIRGE | 99 | 5,109 | 50 | 1,092 | 22 | 324 | 7 | 87 | 4 | 16 | 1 | 1 | 6,812 |
| AN IARMHÍ | 146 | 5,688 | 73 | 1,120 | 30 | 268 | 12 | 81 | 6 | 24 | 1 | 6 | 7,455 |
| LOCH GARMAN | 272 | 10,872 | 134 | 2,722 | 96 | 757 | 39 | 240 | 12 | 82 | 4 | 15 | 15,245 |
| CILL MHANTÁIN | 495 | 10,935 | 200 | 2,424 | 102 | 623 | 34 | 160 | 11 | 57 | 1 | 10 | 15,052 |
| COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH | 8,064 | 85,958 | 3,377 | 19,618 | 1,509 | 4,797 | 489 | 1,307 | 204 | 316 | 49 | 46 | 125,734 |
| COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH | 223 | 2,961 | 81 | 599 | 32 | 154 | 10 | 44 | 10 | 7 | | | 4,121 |
| COMHAIRLE CATHRACH PHORT LÁIRGE | 59 | 3,830 | 23 | 945 | 21 | 232 | 8 | 64 | 1 | 24 | 1 | 5 | 5,213 |
| **Gan Uimhir Thiomána AR BITH** | **4,272** | **161,932** | **1,005** | **37,774** | **19,333** | **16** | **3** | **1** | **1** | | | | **224,337** |
| **Olliomlán** | **19,893** | **484,818** | **7,671** | **109,341** | **22,680** | **17,853** | **1,113** | **4,826** | **449** | **1,246** | **128** | **173** | **670,191** |

* *Cur den bhóthar ar feadh sé mhí atá mar thoradh ar fháil 12 phointe pionóis.*

** *Tagairt don chontae inar eisíodh an ceadúnas tiomána i'Contae'.*

| MIONDEALÚ AR THIOMÁNAITHE DE RÉIR CINEÁL CEADÚNAIS | CEADÚNAS IOMLÁN | CEADÚNAS FOGHLAIMEORA | CEADÚNAS AR BITH |
|---|---|---|---|
| | 417,837 | 28,017 | 224,337 |

# *ANAILÍS AR FHÓGRAÍ FAOI PHOINTÍ PIONÓIS ARNA nEISIÚINT DE RÉIR CINEÁL CIONA ANUAS GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2009

| CINEÁLACHA CIONA | Ceatharlach | An Cabhán | An Clár | Corcaigh | Dún na nGall | Gaillimh | Ciarraí | Cill Dara | Cill Chainnigh | Laois | Liatroim | Comhairle Contae Luimnigh | An Longfort | Lú | Maigh Eo | An Mhí | Muineachán | Uíbh Fhailí | Ros Comáin | Sligeach | Tiobraid Árann Thuaidh | Tiobraid Árann Theas | Comhairle Contae Phort Láirge | An Iarmhí | Loch Garman | Cill Mhantáin | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Comhairle Cathrach Luimnigh | Comhairle Cathrach Phort Láirge | Uimhir Tiomána ar Bith | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sárú dualgas tráth timpiste | 1 | 1 | 1 | 8 | | 2 | 5 | 2 | | | 2 | | | | 1 | 1 | | | | | | | | | 1 | | 11 | | | 881 | 917 |
| Sárú na rialach i leith tiomána sa lána amuigh ar mhótarbhealach | 8 | 8 | 3 | 29 | 4 | 5 | 6 | 41 | 13 | 16 | | 8 | 1 | 42 | 2 | 30 | 30 | 6 | 7 | 1 | 4 | 11 | 1 | 7 | 15 | 23 | 111 | 2 | | 479 | 913 |
| Tiomáint neamhaireach | 1 | 1 | 2 | 50 | 2 | 15 | 3 | 3 | 1 | 3 | 1 | 3 | 1 | | 3 | 4 | 2 | 1 | 3 | | | 2 | | | 5 | 4 | 35 | | 1 | 3,742 | 3,888 |
| Sárú riachtanas ag acomhail | 1 | 3 | | 3 | | | | 4 | | | | 1 | | | 2 | 5 | 1 | 2 | | 2 | | | 1 | | 1 | 3 | 46 | | 1 | 6 | 82 |
| Sárú riachtanas i leith cúlú | 1 | 1 | | 2 | 1 | 1 | 1 | 4 | 1 | 1 | | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | | | | | | | | | 1 | 1 | 21 | 1 | | 20 | 63 |
| Trasnú líne báine leanúnaí/líne báine briste | 311 | 216 | 447 | 1,583 | 706 | 596 | 646 | 638 | 527 | 295 | 89 | 444 | 127 | 135 | 409 | 428 | 150 | 331 | 169 | 237 | 243 | 363 | 289 | 241 | 467 | 251 | 1,624 | 119 | 153 | 3,132 | 15,366 |
| Tiomáint chontúirteach anuas go tiomáint neamhaireach | | | 1 | 4 | 6 | 3 | 2 | 1 | | | | 5 | 1 | | | 1 | 1 | 1 | | | | 1 | 1 | | 1 | | | | 6 | 1,475 | 1,510 |
| Tiomáint in aghaidh rith an tráchta ar mhótarbhealach | 1 | 1 | | 2 | | | | 4 | | 1 | | 1 | | 1 | | 2 | | | | | | | | 2 | 1 | | 14 | | 1 | 26 | 57 |
| Tiomáint ar ghualainn chrua/ar bhóthar nach carrbhealach é – mótarbhealach | 7 | 9 | 2 | 12 | 10 | 11 | 4 | 122 | 3 | 10 | 3 | 4 | 3 | 29 | 9 | 114 | 8 | 10 | 8 | 2 | 3 | 1 | 4 | 26 | 16 | 70 | 650 | 1 | 4 | 332 | 1,487 |
| Tiomáint feithicle nuair nach bhfuil tú feidhmiúil | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 4 | 4 |
| Tiomáint feithicle agus guthán póca i do láimh | 1,538 | 1,081 | 1,784 | 9,520 | 1,186 | 3,526 | 2,029 | 4,270 | 2,356 | 1,941 | 359 | 2,072 | 507 | 1,300 | 1,180 | 3,393 | 615 | 1,465 | 907 | 954 | 1,085 | 1,101 | 1,062 | 1,543 | 2,750 | 2,200 | 18,076 | 673 | 736 | 14,703 | 85,912 |
| Tiomáint feadh/trasna mistráice | 10 | 18 | 19 | 94 | 15 | 38 | 21 | 24 | 15 | 18 | 3 | 49 | 8 | 22 | 11 | 38 | 5 | 21 | 14 | 11 | 10 | 19 | 10 | 22 | 26 | 13 | 168 | 11 | 6 | 178 | 917 |
| Tiomáint feithicle atá faoi locht contúirteach | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 2 | 2 |
| Tiomáint ar/trasna raon rothar | | 1 | | 1 | | 2 | | 1 | | | | | | | | 5 | | | | | | | | 1 | | 1 | 43 | 1 | | 8 | 64 |
| Tiomáint ar/trasna cosáin | | 1 | 2 | 3 | 2 | 8 | 1 | 6 | 1 | 2 | | 1 | 1 | 3 | 2 | 7 | | 1 | | 1 | | 1 | | | 3 | 2 | 69 | 2 | 1 | 44 | 164 |
| Tiomáint gan aird chuí | 132 | 102 | 172 | 952 | 170 | 753 | 147 | 403 | 253 | 247 | 46 | 156 | 132 | 227 | 225 | 437 | 59 | 242 | 122 | 67 | 134 | 131 | 120 | 200 | 264 | 308 | 2,870 | 56 | 70 | 3,076 | 12,273 |
| Tiomáint i limistéar greanta marcáilte | 105 | 57 | 40 | 529 | 281 | 256 | 114 | 214 | 101 | 48 | 23 | 89 | 13 | 72 | 81 | 135 | 59 | 38 | 45 | 46 | 47 | 113 | 78 | 57 | 225 | 185 | 1,208 | 27 | 52 | 1,154 | 5,492 |
| Sárú na luasteorann le haghaidh oibreacha bóthair | 9 | 32 | 15 | 39 | 16 | 27 | 9 | 58 | 7 | 9 | 5 | 7 | 7 | 19 | 11 | 206 | 7 | 9 | 16 | 8 | 7 | 9 | 2 | 19 | 28 | 32 | 1,321 | 3 | 5 | 248 | 2,190 |
| Gan gníomhú de réir chomhartha na nGardaí | | | | 2 | 1 | 1 | 1 | 2 | | | | 1 | | 1 | | 1 | | | | | 1 | | 2 | | 1 | 2 | 17 | | | 6 | 39 |
| Gan na comharthaí, Fan ar Dheis/Fan ar Chlé, a chomhlíonadh | 2 | 1 | 4 | 14 | 2 | 2 | 1 | 4 | 2 | 1 | | 1 | | 1 | 1 | 1 | 1 | | 2 | 3 | | 1 | | 2 | 3 | 3 | 40 | 1 | | 20 | 113 |
| Gan comharthaí éigeantacha tráchta a chomhlíonadh | 11 | 8 | 16 | 165 | 5 | 20 | 5 | 39 | 7 | 6 | 6 | 20 | | 17 | 2 | 41 | 4 | 4 | 7 | 21 | 5 | 3 | 2 | 4 | 18 | 45 | 720 | 12 | 1 | 154 | 1,368 |
| Gan an comhartha tráchta, Cosc ar Iontráil, a chomhlíonadh | 3 | 7 | 24 | 73 | 14 | 34 | 19 | 43 | 20 | 9 | 5 | 122 | 6 | 25 | 12 | 52 | | 10 | 6 | 27 | 8 | 18 | 7 | 14 | 21 | 20 | 561 | 63 | 13 | 186 | 1,422 |
| Gan comharthaí coiscthe tráchta a chomhlíonadh | 89 | 95 | 168 | 1,343 | 100 | 129 | 60 | 499 | 293 | 92 | 35 | 277 | 41 | 198 | 91 | 598 | 50 | 69 | 63 | 139 | 70 | 82 | 52 | 113 | 163 | 493 | 10,135 | 192 | 27 | 2,346 | 18,102 |
| Gan marcanna lána tráchta a chomhlíonadh | 13 | 14 | 40 | 1,116 | 19 | 39 | 23 | 79 | 22 | 25 | 7 | 102 | 6 | 16 | 16 | 83 | 4 | 15 | 9 | 25 | 27 | 29 | 17 | 22 | 58 | 45 | 949 | 37 | 9 | 528 | 3,394 |
| Gan tiomáint ar thaobh na láimhe clé | 2 | 2 | 3 | 233 | 1 | 5 | 21 | 20 | 4 | 1 | 2 | 7 | 1 | 8 | 5 | 20 | 2 | 5 | 4 | 4 | 3 | 7 | 10 | 7 | 8 | 14 | 197 | 2 | 5 | 107 | 710 |
| Gan na rialacha ag crosaire comhréidh iarnróid a chomhlíonadh | | | | 1 | 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 2 | 1 | 9 | | | 4 | 19 |
| Gan soilse tráchta a chomhlíonadh | 155 | 163 | 305 | 3,001 | 239 | 867 | 221 | 954 | 272 | 191 | 48 | 355 | 82 | 422 | 243 | 949 | 144 | 163 | 102 | 203 | 164 | 161 | 220 | 240 | 382 | 622 | 10,990 | 239 | 281 | 4,541 | 26,919 |
| Gan stopadh roimh chomhartha Stad/líne Stad | 36 | 28 | 36 | 91 | 46 | 23 | 26 | 49 | 31 | 16 | 1 | 28 | 14 | 37 | 16 | 85 | 13 | 27 | 11 | 12 | 16 | 39 | 43 | 6 | 65 | 21 | 259 | 30 | 30 | 241 | 1,376 |
| Gan stopadh do na Gardaí | | 2 | 8 | 18 | 5 | 5 | 4 | 8 | 4 | | | 2 | 2 | 3 | 3 | 5 | | | 6 | 2 | 1 | 3 | 1 | 4 | 2 | | 57 | | | 282 | 427 |
| Gan stopadh do chomhartha an mhaoir scoile | | 5 | | | 1 | | | | | 1 | | | 1 | | | 11 | | | | | | | | 2 | 1 | | 12 | | | 7 | 41 |
| Gan tiontú ar chlé ar thimpeallán | | 1 | 2 | 22 | 1 | 11 | | | 1 | 2 | | 14 | 1 | 3 | | 3 | | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 | | 2 | 4 | 2 | 18 | 5 | | 14 | 117 |
| Gan cead slí a ghéilleadh | 10 | 6 | 10 | 57 | 33 | 23 | 26 | 25 | 9 | 5 | 1 | 14 | 3 | 18 | 8 | 18 | 3 | 5 | 1 | 6 | 5 | 10 | 8 | 15 | 18 | 16 | 154 | 7 | 6 | 149 | 669 |
| Gan cead slí a ghéilleadh ag comhartha/líne | 5 | 5 | 9 | 57 | 6 | 12 | 16 | 14 | 9 | 10 | 7 | 12 | 6 | 13 | 9 | 10 | 3 | 7 | 4 | 4 | 4 | 5 | 9 | 3 | 22 | 16 | 103 | 3 | 3 | 101 | 487 |
| Oibleagáid ghinearálta luais – stopadh ag fad infheicthe | 3 | | 1 | 3 | 6 | 3 | 4 | 1 | 5 | 2 | | 1 | 1 | | 1 | 1 | | | 1 | 1 | | 4 | 2 | 1 | 2 | 3 | 9 | | 1 | 24 | 80 |
| Tiomáint gan Deimhniú ar Ródacmhainneacht – úsáideoir | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 20 | 20 |
| Gan srian páiste a chaitheamh sa suíochán tosaigh – páiste | 10 | 8 | 31 | 66 | 14 | 45 | 31 | 17 | 20 | 25 | 4 | 29 | 20 | 9 | 19 | 20 | 7 | 51 | 14 | 5 | 13 | 16 | 8 | 22 | 60 | 20 | 113 | 13 | 7 | 242 | 959 |
| Gan srian páiste a chaitheamh sa suíochán cúil – páiste | 17 | 9 | 33 | 123 | 30 | 65 | 54 | 39 | 28 | 45 | 9 | 32 | 17 | 22 | 33 | 42 | 11 | 49 | 22 | 7 | 15 | 18 | 19 | 34 | 92 | 39 | 400 | 18 | 31 | 692 | 2,045 |
| Gan árachas ar bith – úsáideoir | 2 | 5 | 21 | 81 | 18 | 38 | 13 | 25 | 6 | 7 | 4 | 9 | 12 | 9 | 12 | 29 | 13 | 7 | 1 | 3 | 7 | 8 | 5 | 3 | 35 | 15 | 119 | 13 | 4 | 12,455 | 12,979 |
| Gan crios sábhála a chaitheamh – tiománaí | 835 | 530 | 1,047 | 5,883 | 1,329 | 1,162 | 1,271 | 1,533 | 1,381 | 1,053 | 241 | 1,472 | 370 | 688 | 816 | 1,081 | 392 | 843 | 563 | 510 | 709 | 1,095 | 690 | 717 | 1,974 | 1,304 | 6,269 | 478 | 541 | 17,596 | 54,373 |
| Gan crios sábhála a chaitheamh sa suíochán tosaigh – páiste | 19 | 14 | 42 | 111 | 32 | 43 | 53 | 26 | 32 | 30 | 3 | 37 | 14 | 17 | 40 | 19 | 6 | 26 | 16 | 7 | 20 | 19 | 16 | 28 | 78 | 33 | 136 | 14 | 12 | 439 | 1,382 |
| Gan crios sábhála a chaitheamh sa suíochán cúil – páiste | 22 | 20 | 51 | 211 | 41 | 85 | 91 | 49 | 57 | 35 | 9 | 42 | 38 | 40 | 33 | 46 | 13 | 31 | 39 | 22 | 25 | 26 | 35 | 51 | 129 | 49 | 454 | 35 | 35 | 1,151 | 2,965 |
| Cion a bhaineann le scoitheadh | 39 | 50 | 62 | 545 | 212 | 246 | 122 | 91 | 60 | 36 | 28 | 79 | 24 | 38 | 111 | 117 | 35 | 41 | 36 | 48 | 37 | 52 | 46 | 36 | 105 | 94 | 737 | 22 | 27 | 1,175 | 4,351 |
| Páirceáil feithicle i suíomh contúirteach | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 24 | 24 |
| Anuas go tiomáint gan aird chuí | | | | 1 | | | | | | | | | | | 1 | 1 | | | | | | | | | 2 | | 1 | | | 98 | 104 |
| Tiomáint róthapa | 5,855 | 5,262 | 10,907 | 36,784 | 9,927 | 15,735 | 9,694 | 28,808 | 9,555 | 8,079 | 2,698 | 10,905 | 3,375 | 10,231 | 8,645 | 20,287 | 4,205 | 7,472 | 5,423 | 6,736 | 7,045 | 7,602 | 6,224 | 6,215 | 13,714 | 13,917 | 109,024 | 3,147 | 4,903 | 155,799 | 548,173 |
| Úsáid feithicle gan deimhniú NCT | 1 | | | 2 | | | | 2 | 1 | 1 | | 1 | | | | | | | | | | | | | 1 | 3 | | | | 108 | 120 |
| **IOMLÁN** | **9,254** | **7,767** | **15,308** | **62,834** | **14,483** | **23,836** | **14,744** | **38,122** | **15,097** | **12,263** | **3,637** | **16,405** | **4,836** | **13,667** | **12,054** | **28,328** | **5,843** | **10,954** | **7,623** | **9,116** | **9,710** | **10,953** | **8,984** | **9,659** | **20,763** | **19,868** | **167,759** | **5,227** | **6,966** | **228,019** | **814,079** |

***Figiúr carnach ón dáta a tugadh isteach Córas na bPointí Pionóis isteach**

## TÁSTÁIL TEOIRICE TIOMÁNA

Ní foláir do dhuine atá ag iarraidh ceadúnas foghlaimeora i gcatagóir ceadúnais a fháil den chéad uair, pas a fháil i dtástáil teoirice ar dtús. I measc na n-ábhar a scrúdaítear tá siad seo a leanas: eolas ar shábháilteacht ar bhóithre; gnéithe teicniúla d'fheithiclí; tiomáint timpeallachta; agus na gnéithe dlíthiúla a bhaineann le tiomáint. Tá tástálacha ar leith ann do bhusanna, do thrucailí, do ghluaisrothair, do charranna agus d'fheithiclí oibre. I mí Meán Fómhair 2008, tugadh tástáil teoirice ar leith isteach faoi choinne busanna mar chuid den Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) le haghaidh tiománaithe gairmiúla bus. Tugadh tástáil dá samhail isteach faoi choinne tiománaithe gairmiúla trucaile i mí Mheán Fómhair 2009.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA TÁSTÁLA TEOIRICE TIOMÁNA IN 2009

| Cód an Cheadúnais: **AM (Gluaisrothair)** | Iomlán |
|---|---|
| Líon na dTástálacha a Sceidealadh | 9,483 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh | 8,521 |
| Líon na dTástálacha a Pasáladh | 5,835 |
| Líon na dTástálacha a Teipeadh | 2,686 |
| Líon na nDaoine nár Tháinig don Tástáil | 961 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh atá Fós ag Feitheamh le Torthaí | 1 |
| **Céatadán na dTástálacha a Pasáladh** | **68.48%** |

| Cód an Cheadúnais: **BW (Carranna agus Feithiclí Oibre)** | Iomlán |
|---|---|
| Líon na dTástálacha a Sceidealadh | 122,345 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh | 111,669 |
| Líon na dTástálacha a Pasáladh | 76,724 |
| Líon na dTástálacha a Teipeadh | 34,945 |
| Líon na nDaoine nár Tháinig don Tástáil | 10,662 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh atá Fós ag Feitheamh le Torthaí | 18 |
| **Céatadán na dTástálacha a Pasáladh** | **68.70%** |

| Cód an Cheadúnais: **C (Trucailí)** | Iomlán |
|---|---|
| Líon na dTástálacha a Sceidealadh | 10,357 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh | 9,265 |
| Líon na dTástálacha a Pasáladh | 7,158 |
| Líon na dTástálacha a Teipeadh | 2,107 |
| Líon na nDaoine nár Tháinig don Tástáil | 1,090 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh atá Fós ag Feitheamh le Torthaí | 2 |
| **Céatadán na dTástálacha a Pasáladh** | **77.26%** |

| Cód an Cheadúnais: **D (Busanna)** | Iomlán |
|---|---|
| Líon na dTástálacha a Sceidealadh | 3,809 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh | 3,434 |
| Líon na dTástálacha a Pasáladh | 2,628 |
| Líon na dTástálacha a Teipeadh | 806 |
| Líon na nDaoine nár Tháinig don Tástáil | 373 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh atá Fós ag Feitheamh le Torthaí | 2 |
| **Céatadán na dTástálacha a Pasáladh** | **76.53%** |



# Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

Comhcheanglaítear sa Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe na róil thábhachtacha maidir le feasacht, oideachas agus taighde a spreagadh le heolas agus leis na scileanna cuí a chur ar úsáideoirí bóithre agus iad ag fás aníos. Cuidíonn agus oibríonn an Stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uile atá cláraithe don Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 le deimhin a dhéanamh gur féidir na gníomhartha a shonraítear sa straitéis a bhaint amach.




# Fógraíocht

**Ar na príomhfheachtais feasachta a reáchtáladh in 2009 bhí an feachtas teilifíse in aghaidh na tiomána róthapa 'Mess' agus an feachtas teilifíse 'Crashed Lives' ina bhfuil cuntais fhíora ar thuairteanna bóthair arna n-insint ag íospartaigh nó ag a gcuid teaghlach.**

## IN AGHAIDH NA TIOMÁNA RÓTHAPA: Fógrán Teilifíse 'Mess' agus Fógrán Pictiúrlainne 'Crash'

Na fógráin teilifíse agus phictiúrlainne in aghaidh na tiomána a taispeánadh i gcaitheamh na bliana. Tá an RSA buíoch de Hibernian Aviva as a dtacaíocht leantach do na fógráin seo.




## *THE FASTER THE SPEED THE BIGGER THE MESS*



## FEACHTAS SÁBHÁILTEACHTA GLUAISROTHAR

bikeSafely

An Fógrán Teilifíse 'Underneath'


In 2009, cheannaigh an RSA na cearta d'fhonn an fógrán teilifíse 'Underneath' faoi shábháilteacht gluaisrothar a chraoladh ón Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann.


Úsáideoirí bóithre i mbaol iad gluaisrothaithe agus tugann sonraí faoi imbhuailtí bóthair le fios go mbíonn tiománaithe eile ciontach as leath na mbásanna agus na ngortuithe gluaisrothair. Tá sé mar aidhm ag an bhfógrán 'Underneath' feasacht a spreagadh ar an ngá go mbeadh gach tiománaí ar an airdeall i gcónaí ar ghluaisrothaithe agus iad ag tiomáint. Craoladh an fógrán 'Underneath' ar an teilifís i mí Iúil 2009.

CRASHED LIVES

Craoladh an tsraith seo d'fhógráin teilifíse a bhí 50 soicind ar fad i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2009. Sonraítear trí thragóid fhíora bhóthair iontu – 'James', 'Sarah' agus 'Conor' – arna n-insint ag teaghlaigh na marbh. Labhraíonn duine de theaghlach faoi chailliúint duine gar dó/dí in imbhualadh bóithre agus faoin tslí ar athraíodh a saol go deo dá dheasca. Sa mhullach air sin, tá dhá chuntas finne súl – 'Breaking the News' agus 'Seatbelts' – ag an Dr Gerry Lane, Sainchomhairleoir sa Leigheas Éigeandála in Otharlann Ginearálta Leitir Ceanainn.

Dhíol an RSA na cearta craolta maidir leis an dá fhógrán teilifíse sainchomhairleora 'Crashed Lives' leis an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann in 2009.




06-D-30387

A FOOL BREAKS THE TWO SECOND


## RIALACHA AN BHÓTHAIR:
## FÓGRÁN TEILIFÍSE ‘ROUNDABOUT’
## AN FEACHTAS ‘BETTER SAFER DRIVER’

**EXPECT THE UNEXPECTED**





Tá sé de chuspóir ag feachtas an RSA ‘Better Safer Driver’ lena mbaineann fógráin teilifíse feasacht a spreagadh ar thraidhfil gluaiseachtaí tábhachtacha a bhfuil baint acu le himbhuailtí bóithre marfacha nó le himbhuailtí bóithre tromchúiseacha go minic.

Cuimsíonn an feachtas sé fhógrán teilifíse 30 soicind a bhfuil mar aidhm acu scileanna tiománaithe a fheabhsú agus iad ag tabhairt faoi ghluaiseachtaí contúirteacha ar ár mbóithre. Díríonn siad chomh maith ar na bóithre ar a mbíonn na himbhuailtí is coitianta – bóithre tuaithe, bóithre náisiúnta agus bóithre den dara grád.

1. Scoitheadh Sábháilte
2. Tiomáint ar Chora
3. Casadh ar Dheis
4. Coinneáil Siar ón bhFeithicil Romhat
5. Tiomáint ar Mhótarbhealaí
6. Tiomáint ar Thimpeallán

Craoladh an fógrán teilifíse ‘Roundabout’ den chéad uair in 2009. Áirítear leagan ar líne fosta de ‘Roundabouts’ a mhaireann 70 soicind agus is féidir amharc air seo agus ar fhógráin eile sa tsraith ar www.rulesoftheroad.ie.

## FEACHTAIS RAIDIÓ
## AN FEACHTAS ‘HE DRIVES – SHE DIES’

Ba í 2009 an dara bliain a reáchtáil an RSA a bhfeachtas ’He Drives – She Dies’.

Dírítear an fógrán 30 soicind ar mhná óga atá ina bpaisinéirí i gcarranna atá á dtiomáint go contúirteach ag fir óga. Craoladh é ar stáisiúin áitiúla ‘na n-óg’ i mí Iúil 2009.

Is ábhar bróin é go dtugann taighde le fios go bhfuair 67% de na paisinéirí mná a maraíodh idir 1998 agus 2007 bás i dtuairteanna nuair a bhí fear i mbun tiomána. Ar an drochuair, tugann an fhianaise le fios fosta gurb iad tiománaithe fir is cúis le bunús uile na mbásanna tiománaí sa tír seo, agus gurb iad is ciontaí i ndáil le tromlach mór na mbásanna de thairbhe tiomáint róthapa, tiomána ar meisce agus iompraíocht chontúirteach eile.




*Bean Aoife Kelly, Rós Thrá Lí agus Noel Brett, CEO an RSA i gcuideachta ionadaithe ón nGarda Síochána agus ó Sheirbhísí Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ag seoladh an fheachtais ‘He Drives – She Dies’.*

Thacaigh Rós Thrá Lí um an dtaca sin, Aoife Kelly, leis an teachtaireacht seo. Tá taithí aici féin ar na hiarmhairtí uafásacha a bhaineann le tráma bóthair. Teiripeoir Saothair is ea Aoife san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i nDún Laoghaire a phléann le hothair a bhfuil gortuithe tromchúiseacha dromlaigh agus inchinne orthu, de thoradh tuairteanna cairr den chuid is mó.

**Feachtais eile raidió i dtaobh sábháilteachta ar bhóithre a craoladh in 2009:**

1. An fógrán raidió ‘Mobile Phones & Driving’ a craoladh i roiseanna coicíse i rith mhí na Bealtaine agus mhí Mheán Fómhair 2009;
2. Le ’Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre’ a chur chun cinn, reáchtáladh feachtas fógraíochta raidió ar stáisiúin áitiúla agus náisiúnta raidió ag druidim leis an tSeachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre agus lena linn, idir an 12 Deireadh Fómhair agus an 18 Deireadh Fómhair 2009;
3. D’ullmhaigh agus chraol an RSA feachtas fógraíochta raidió 30 soicind ar stáisiúin áitiúla agus náisiúnta raidió i mí na Shamhna 2009 le húsáid as soilse reatha lae i measc tiománaithe a chur chun cinn agus a spreagadh;
4. Craoladh feachtas fógraíochta raidió 30 soicind ar stáisiúin áitiúla agus náisiúnta raidió i mí na Nollag 2009 le ceannach earraí sábháilteachta ar bhóithre mar bhronntanais na Nollag a chur chun cinn agus a spreagadh.


06-D-30387

## DRINKDRIVING.IE

Sheol an RSA suíomh nua gréasáin in 2009 a bhfuil mar aidhm aige deireadh a chur leis na miotais a bhaineann le tiomáint ar meisce. Socraíodh an suíomh le faisnéis fhíorasach a chur ar an bpobal mór faoi thionchar na tiomána ar meisce agus faoin mbealach a chuireann sí le básanna bóthair agus le gortuithe tromchúiseacha.

## FEACHTAS ÉIREANNACH I dTAOBH CRIOSANNA SÁBHÁLA AINMNITHE AG AN EORAIP MAR AN MÓRBHUAITEOIR MARGAÍOCHTA SÓISIALTA

Sa bhliain 2009, roghnaigh moltóirí ó Pharlaimint na hEorpa feachtas na hÉireann i dtaobh Criosanna Sábhála mar an Mórbhuaiteoir Margaíochta Sóisialta sa Bhruiséil as 67 iontráil ó 21 tír.

Bhí an comhfheachtas trasteorann, de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Roinn Comhshaoil, Tuaisceart Éireann, faoi urraíocht AXA Insurance, ar bhuaiteoir amháin as ceithre cinn ag Dámhachtainí CARE na hEorpa, arna mbronnadh i bParlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2009.

Tá iontráil na hÉireann, Tionchar Níos Fadtéarmaí na Margaíochta i dTaobh Criosanna Sábhála 2001-2008 ('The Longer Term Effects of Seatbelts Advertising 2001-2008'), bunaithe ar fhianaise ar chás-staidéar a chruthaíonn gur athraigh feachtas na hÉireann iompraíocht, gur shábháil sé beathaí agus go raibh sé ina ábhar le haisíoc ollmhór geilleagrach €492 milliún. Bhí sé seo ina bhonn le haisíoc fógraíochta €15.75 faoin choinne gach euro a infheistíodh san fheachtas.

# NEVER EVER DRINK & DRIVE






STOP
ECT THE UNEXPECTED

# Oideachas

Is é beartas an RSA oideachas a sholáthar d'úsáideoirí bóithre faoi chur chuige comhtháite a leanann ar aghaidh go dtí an córas tríú leibhéal sa chóras oideachais agus i bpobail áitiúla. Cinntíonn oideachas um shábháilteacht ar bhóithre go bhforbraíonn gach úsáideoir bóithre dearcthaí agus iompraíochtaí cuí sábháilteachta.  In 2009, réitigh agus dháil an RSA na cláir oideachais seo a leanas ar scoileanna:

## 'Bí Sábháilte'





Is paca acmhainní gníomhbhunaithe é '**Bí Sábháilte**' faoi shábháilteacht ar bhóithre, faoi shábháilteacht ó dhóiteáin agus faoi shábháilteacht san uisce a réitíodh i gcomhair bunscoileanna.  Tá ábhair ann a dhírítear ar pháistí ó rang na naíonán aníos go rang a sé. Réitíodh sé d'aon ghnó mar chuid den churaclam OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) agus baineann sé leis an snáithe OSPS, 'Mé féin', a phléann le Sábháilteacht agus Cosaint, Sábháilteacht Phearsanta, Ceisteanna Sábháilteachta agus a dhéanamh Cinntí. Réitíodh '**Bí Sábháilte**' i gcomhar le múinteoirí cleachtacha. Tá na pleananna ceachta le fáil láithreach ag múinteoirí agus ag páistí araon. Cuirtear tús le gach ábhar le faisnéis oiriúnach don aois agus déantar plé agus forbairt ar an bhfaisnéis ansin trí phlé ranga, trí ghníomhaíochtaí agus trí bhileoga oibre.

## 'Seatbelt Sheriff' agus 'Hi-Glo Silver'


Tá 'Seatbelt Sheriff' ina bhealach spraíúil le páistí i rang a haon a spreagadh chun páirt a ghlacadh i sábháil beathaí. Déantar 'Seatbelt Sheriffs' (sirriamaí ar chriosanna sábhála) de pháistí trí ghealltanas a thabhairt go gcaithfidh siad a gcrios sábhála i gcónaí agus cinnte a dhéanamh go bhfuil crios sábhála ar gach duine eile sa charr chomh maith. Tugtar suaitheantas sirriam dóibh i dteannta teastais ina léirítear go bhfuil údarás acu gach paisinéir agus tiománaí a threorú a gcrios sábhála a chur orthu ('Buckle Up') i bhfeithicil ar bith ina bhfuil siad.

Is é 'Hi-Glo Silver' capall an Seatbelt Sheriff agus is í infheictheacht a theachtaireacht. Spreagann sé páistí cur i gcuimhne dá dtuismitheoirí gur cheart dóibh cótaí nó criosanna ard-infheictheachta a chaitheamh agus iad amuigh ag siúl. Cuireadh Hi-Glo Silver chuig páistí i rang a dó a fuair teachtaireacht an Seatbelt Sheriff an bhliain roimhe. A bhuíochas leis an ngné seo den fheachtas, chuir an RSA 60,000 banda muinchille amach do pháistí scoile saor in aisce.

Forbraíodh suíomh gréasáin do scoileanna agus do mhúinteoirí: **www.seatbeltsheriff.ie**







## Feachtas um Fhilleadh ar an Scoil

Sa bhliain 2009, scaip an RSA 3,282 'Pacaí Sábháilteachta ar Bhóithre um Fhilleadh ar an Scoil' ar bhunscoileanna ina raibh an méid seo a leanas:

- Amhrán an Chóid Sábhála ar dhlúthdhiosca;
- Póstaer lannach A2 de liricí amhrán an Chóid Sábhála;
- Cóipeanna dár mbileog 'Dul ar Scoil';
- 'Bí Sábháilte', an 2ú hEagrán;
- Nuachtlitir scoile i leith sábháilteachta ar bhóithre 'Schoolnews';
- Bandaí ard-infheictheachta muinchille do gach páiste scoile atá ag freastal ar an scoil den chéad uair.



An tUasal Gay Byrne, Cathaoirleach an RSA agus Brendan Grace ag seoladh 'Amhrán an Chóid Sábhála' agus cuidiú á fháil ó dhaltaí Scoil Náisiúnta Derrywash, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo i bhFaiche Stiabhna.

## Oiliúint Inniúlachta Rothaíochta

Cuireadh oiliúint inniúlachta rothaíochta ar 6,156 dalta i scoileanna sa bhliain 2009. Is é aidhm na hoiliúna seo traenáil fhoirmiúil a chur ar pháistí ar conas rothaíocht go sábháilte agus le dearcthaí dearfacha freagracha a spreagadh i dtaobh sábháilteacht phearsanta. Íocann an RSA fóirdheontas €5 an dalta le húdaráis áitiúla le cúnamh a thabhairt le costais na ndaltaí bunscoile a ghlacann páirt sa scéim.

## Streetwise

Acmhainn idirghníomhach ghníomhbhunaithe oideachais i leith sábháilteachta ar bhóithre í 'Streetwise' do Chlár an Teastais Shóisearaigh (daltaí idir 12 agus 15 bliana d'aois) faoi churaclam an ábhair CSPE (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil). Is féidir an modúl seo a reáchtáil thar 12 sheachtain. Clúdaítear na ceachtanna seo a leanas:




**Ceacht 1 Coisithe**

**Ceacht 2 Rothaithe**

**Ceacht 3 Gluaisrothaithe**

**Ceacht 4 Criosanna sábhála**

**Ceacht 5 Luas agus tiomáint róthapa**

**Ceacht 6 Brath guaiseacha**

**Ceacht 7 Tuirse tiománaithe**

**Ceacht 8 Tiomáint ar meisce**

**Ceacht 9 Innealtóireacht sábháilteachta ar bhóithre**

Caithfidh gach dalta tionscadal gnímh a chomhlíonadh mar chuid dá scrúdú Teastais Shóisearaigh. Tá moltaí curtha ar fáil againn do na tionscadail ghníomhbhunaithe seo i ndáil le gach ceann de na hábhair thuas.

## 'Your road to safety' – clár idirbhliana'

your roadtosafety
transition year road safety programme




Chomhoibrigh an RSA leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta d'fhonn clár i leith sábháilteachta ar bhóithre a chur le chéile do scoileanna mar chuid den Idirbhliain (TY). Spreagann an clár seo foghlaim ghníomhach agus forbairt na feasachta, an eolais, na scileanna agus na luachanna a bheidh ina mbunús le forbairt úsáideoirí sábháilte bóithre san am i láthair agus amach anseo.

Tá an clár ar fáil i bhformáidí 20 uair an chloig agus 45 uair an chloig agus cuireann sé leis an cineálacha cur chuige i leith foghlaim ghníomhach do Chlár na hIdirbhliana. Tá ionchur ó ghníomhaireachtaí eile sa dá chlár, amhail an tseirbhís otharcharranna, an tseirbhís dóiteáin agus an Garda Síochána chomh maith le haoichainteoirí, turais scoile, tionscadail agus cás-staidéir.

Tá tacaíocht ar fáil ó acmhainní digiteacha lena n-áirítear rochtain ar shuíomhanna gréasáin idirnáisiúnta um shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre ó shuíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre www.rsa.ie. Soláthraíonn an clár do réamhrá ar shábháilteacht ar bhóithre do choisithe, rothaithe, gluaisrothaithe agus do thiománaithe, agus i measc na gceisteanna a chuimsítear tá criosanna sábhála agus málaí aeir, tuirse tiománaithe, tiomáint faoi thionchar alcóil/drugaí, innealtóireacht agus forfheidhmiú um shábháilteacht ar bhóithre, garchabhair bhunúsach ag tuairteanna bóthair, seirbhísí éigeandála agus athshlánúchán, ceisteanna ceadúnaithe agus árachais, an NCT, ceannach cairr agus tiomáint thar lear. Tá foghlaim ábhartha don Tástáil Teoirice Tiomána san áireamh ag deireadh gach modúil.

Sa bhliain 2009, ghlac 45 múinteoir páirt i gclár oiliúna inseirbhíse faoin bpaca acmhainní. Go nuige seo, ghlac 254 múinteoir páirt i gclár oiliúna inseirbhíse.




## 'Safe Grads' – Treoirlínte maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre do Choláistí Tríú Leibhéal

I 2009, chomhordaigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) cur le chéile treoirlínte comhtháite cuimsitheacha maidir le sábháilteacht ar bhóithre a díríodh ar choláistí tríú leibhéal.

Tugann na treoirlínte struchtúr do choláistí tríú leibhéal faoinar féidir seachtain rathúil fhaisnéiseach a thógáil. Tá siad seo a leanas ar chomhpháirteanna an chláir:

- An Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Baint tarrthála feithicle ag seirbhís dóiteáin agus otharcharranna
- Seó bóthair an Gharda Síochána – 'It Won't Happen to Me'
- Feachtais i leith sábháilteachta ar bhóithre
- Seisiún ceisteanna agus freagraí faoi shábháilteacht ar bhóithre
- Tráth na gceist faoi shábháilteacht ar bhóithre
- Comórtas grianghrafadóireachta i leith sábháilteachta ar bhóithre
- Dúshlán ceoil faoi shábháilteacht ar bhóithre
- Tionscnaimh eile i leith sábháilteachta ar bhóithre

Cuireadh an clár 'Safe Grads' i i bhfeidhm i roinnt coláistí sa bhliain 2009, lena n-áirítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta (I.T.) Leitir Ceanainn, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, I.T. Chorcaí, I.T. Thrá Lí, I.T. Thamhlachta, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, I.T. na Gaillimhe-Mhaigh Eo, I.T. Shligigh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.






*Sheol an RSA a dTointeálaí Idirghníomhach Taispeántais um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Comóradh 50 Bliain Rós Thrá Lí. Bhí Joe Reynolds ó Reynolds Logistics a rinne urraíocht ar an aonad leantóra agus Joe Crann ó West Ward Scania a rinne urraíocht ar an aonad tarracóra i láthair freisin.*

## Seoladh 'Tointeálaí Idirghníomhaigh um Shábháilteacht ar Bhóithre'


Le linn cheiliúradh 50 bliain Fhéile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí, sheol an tUasal Gay Byrne, Cathaoirleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre 'Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre' an RSA Dé Luain an 24 Lúnasa 2009. Fuair sé cuidiú ó roinnt Rósanna agus óna gcuid coimhdirí. Ábhar taithí an 21ú haois í an 'Tointeálaí' a bhfuil de chuspóir aici sábháilteacht ar bhóithre a thabhairt díreach go lár pobail áitiúla ar fud na tíre.

Tá na nithe seo a leanas sa Tointeálaí:

- Amadóirí frithghnímh;
- Ríomhairí ar a bhfuil an Tástáil Teoirice Tiomána, ceistneoirí, cluichí idirghníomhacha agus rochtain ar shuíomh gréasáin an RSA;
- Limistéir taispeántais le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn;
- Scáileán plasma a léiríonn roinnt fógrán faoi shábháilteacht ar bhóithre agus clár faoi shábháilteacht ar bhóithre;
- Ionsamhlóir gluaisrothair;
- Ionsamhlóir cairr;
- Ionsamhlóir rothair.

Bhí an Tointeálaí i láthair ag 34 imeacht le linn 2009, idir






imeachtaí tríú leibhéal agus imeachtaí meánscoile i leith sábháilteachta ar bhóithre agus imeachtaí náisiúnta fearacht Rásaí na Gaillimhe agus Fhleadh Cheoil an Domhain. Meastar gur thug tuairim is 135,000 duine cuairt ar an Tointeálaí in 2009.

## Clár an Phobail i leith Sábháilteachta ar Bhóithre

D'fhorbair grúpa oibre ilghníomhaireachta Clár an Phobail i Leith Sábhaileachta ar Bhóithre 'Protecting Our Community, A Call to Action' ar a raibh ionadaíocht ón RSA, Muintir na Tíre, Fóraim Náisiúnta Pobail, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána, Oifigigh Údaráis Áitiúil um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón tSeirbhís Dóiteáin. Tá sé mar sprioc ag Clár an Phobail i leith Sábháilteachta ar Bhóithre dearcthaí agus iompraíocht daoine maidir le sábháilteacht ar bhóithre a athrú. Cuirfidh an RSA oiliúint ar cheannairí pobail leis an oiliúint seo a chur ar ghrúpaí pobail. Tá an paca acmhainní bunaithe ar Rialacha an Bhóthair agus beidh sé mar sprioc aige dearcthaí agus iompraíocht tiománaithe, coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe a athrú.

Díríonn sé ar cheithre phríomhábhar:

- Luas agus tiomáint róthapa;
- Úsáid criosanna sábhála, malaí aeir agus sraonta cearta páistí;
- Laige (alcól, úsáid dhleathach agus neamhdhleathach drugaí, tuirse tiománaithe agus úsáid ghuthán póca);
- Iompraíocht chontúirteach i dtreo/ag úsáideoirí leochaileacha bóithre (coisithe, gluaisrothaithe, rothaithe, páistí óga agus daoine scothaosta).

Bíonn faisnéis roghnach ag baint leis fosta, ar nós a leanas:

- Cáin bhóthair
- Boinn
- Árachas
- Ceannach cairr

(lena n-áirítear saincheisteanna comhshaoil agus Euro NCAP)

- Breosla
- Dea-chleachtas tiomána
- Brath guaiseacha

Tá a lán ábhar i gClár an Phobail i leith Sábháilteachta ar Bhóithre á múineadh le cúnamh ó DVD.

Tá an paca acmhainní formheasta ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).

## CPC Tiománaithe

Tá an RSA freagrach as an Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil tiománaithe (CPC Tiománaithe) a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Caithfidh na tiománaithe gairmiúla uile a gcáilíocht CPC Tiománaithe a choinneáil trí lá amháin sa bhliain a chaitheamh i mbun oiliúna (cúig mhodúl oiliúna san iomlán gach cúig bliana).

D'fhormheas an RSA soláthróirí oiliúna a éascóidh an oiliúint agus tá liosta nua le fáil ar shuíomh gréasáin an RSA ar a bhfuil na soláthróirí cáilithe oiliúna uile.

Déanfaidh na soláthróirí oiliúna taifead ar shonraí an tiománaí agus cuirfidh siad an RSA ar an eolas nuair a chuirfear gach modúl oiliúna i gcrích.

Coinneoidh an tAonad CPC taifead na tiomána agus i ndiaidh cúig bliana, tráth comhlíonta cúig mhodúl oiliúna, eiseofar cárta cáilithe tiomána CPC. Tá an cárta CPC bailí faoi choinne cúig bliana agus déanfar é a athnuachan gach cúig bliana i ndiaidh na modúil riachtanacha oiliúna a chríochnú.




## 'Play it Safe' – Treoirlínte maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre d'Eagraíochtaí Spóirt

Réitigh an RSA treoirlínte maidir le sábháilteacht ar bhóithre d'eagraíochtaí spóirt i gcomhar leis an IRFU, an CLG, an FAI agus Rothaíocht Éireann. Tugtar faisnéis sna treoirlínte d'eagraíochtaí spóirt faoi conas bheith aireach ar shábháilteacht ar bhóithre agus imeacht spóirt á reáchtáil nó ag dul chuig imeachtaí spóirt agus ag teacht uatha. Is féidir na treoirlínte a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an RSA.

# Tionscnaimh/Imeachtaí

## ‘Take One for the Road!’

Scaip an RSA 30,000 veist frithchaiteach ard-infheictheachta saor in aisce ar 4,200 teach tábhairne faoin tuath. Comhthionscnamh ba ea seo i dteannta Chónaidhm Díoltóirí Fíona na hÉireann (VFI/Vintners’ Federation of Ireland) agus FBD Insurance. Bhí an tiomáint sábháilteachta mar chuid de mhórbhleaist faoi shábháilteacht ar bhóithre a raibh mar aidhm aici coisithe agus rothaithe a chosaint agus iad ag dul chuig teach tábhairne áitiúil agus ag teacht uaidh.



*Van Hanley, Uachtarán Chónaidhm Díoltóirí Fíona na hÉireann, Noel Brett, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus Walter Moran, Bainisteoir Díolachán Teicniúil FBD Insurance ag seoladh an fheachtais ard-infheictheachta tuaithe.*

## ’Keep the Race in its Place’

Chomhoibrigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Railí Éireann (Rally Ireland), eagraithe an Chomórtais Dhomhanda Railí (WRC), le chéile d’fhonn comhtheachtaireacht sábháilteachta a eisiúint chuig an lucht leanúna a rinne freastal ar an imeacht spóirt idir an 29 Eanáir agus an 1 Feabhra 2009.

## An Seó Gluaisrothar agus Scútar

Thug an RSA cuireadh do ghluaisrothaithe agus dóibh siúd a raibh ag smaoineamh faoi dhul ar dhá roth faoi chumhacht cuairt a thabhairt ar a seastán idirghníomhach um shábháilteacht ar bhóithre ag Seó Gluaisrothar agus Scútar 2009 a reáchtáladh san RDS idir Dé hAoine an 27 Feabhra agus Dé Domhnaigh an 1 Márta 2009.

## Lá Fhéile Pádraig

Chomhoibrigh an RSA agus an Garda Síochána le chéile ag tarraingt ar Lá Fhéile Pádraig d’fhonn comhrabhadh achainí a eisiúint faoin gcontúirt a bhaineann le tiomáint ar meisce.




## Feachtas RSA agus Topaz um Thuirse Tiománaithe

Chomhoibrigh an RSA agus Topaz le chéile le feachtas a reáchtáil i rith gach deireadh seachtaine saoire bainc i 2009 le béim a leagan ar an gcontúirt a bhaineann le tuirse tiománaithe. Thug Topaz caife do thiománaithe saor in aisce Aoine na saoire bainc sna stáisiúin a ghlac páirt ar fud na tíre.





## Feachtas um Choisithe Breacaosta

Sheol an RSA comhthionscnamh i dteannta Age Action Ireland agus Aontas Cógaisíochta na hÉireann Dé Máirt an 26 Bealtaine 2009. Scaipeadh 200,000 veist ard-infheictheachta saor in aisce san fheachtas seo. Fuarthas cúnamh ó United Drug agus ó phoitigéirí i ngach cearn den tír d’fhonn sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc daoine scothaosta in Éirinn.

## Achainí an RSA agus IFA um Shábháilteacht ar Bhóithre

D’eisigh an RSA agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) comhráiteas Dé Céadaoin an 3 Meitheamh 2009 ag impí ar úsáideoirí bóithre bheith an-chúramach siocair go mbíonn níos mó tarracóirí, leantóirí agus innealraí eile feirme ar na bóithre i rith an tSamhraidh.




## Comhairle faoi Shábháilteacht ar Bhóithre do Thiománaithe a bhíonn ag Tarraingt Carbhán nó Leantóirí

Thug an RSA comhairle phraiticiúil do dhuine ar bith a bhí ag dul ar saoire agus do chuairteoirí chun na hÉireann ón gcoigríoch faoi tharraingt shábháilte carbhán nó leantóirí. Tharla sé seo ag an am céanna a foilsíodh bileog nua ina bhfuil comhairle do thiománaithe atá ag tarraingt carbháin nó leantóir báid b’fhéidir.

## Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le ‘Sábháilteacht ar Bhóithre san Ionad Oibre’



*An tUasal Martin O’Halloran, CEO, HAS agus an tUasal Noel Brett, CEO, RSA ag seoladh na Comhdhála Idirnáisiúnta ar an ‘Tiomáint ar son na hOibre’.*

Bhí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) ina gcomhóstaigh do Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le ‘Sábháilteacht ar Bhóithre san Ionad Oibre’ Dé Luain an 15 Meitheamh 2009.

Ba é chuspóir na comhdhála, ag a raibh cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta i láthair, eolas a thabhairt d’fhostóirí faoina gcuid freagrachtaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre, taighde agus staitisticí a thabhairt faoi mhinicíocht tráma bóthair a bhaineann leis an obair, cás-staidéir rathúla fostóra a chur i láthair, agus ‘Treoirlínte maidir le Tiomáint ar son na hOibre’ de chuid an RSA agus an HSA a sheoladh. Tiománaithe a bhíonn ag baint úsáid as a bhfeithicle ar son na hoibre atá i gceist le suas le trian de na himbhuailtí bóithre uile.



*An tUasal Noel Brett, CEO, RSA agus Luke Shinnors, CEO, ESB ag foirmiú comhghuaillíocht straitéiseach.*

## Comhghuaillíocht Straitéiseach ESB agus an RSA

Shínigh ESB agus an RSA Comhghuaillíocht Straitéiseach trí bliana in 2009 d’fhonn a gcuid spriocanna a chur chun tosaigh maidir le tiomáint níos sábháilte. Déanfar forbairt ar phlean trí bliana, ‘Sármhaitheas Tiomána Sábháilte a Bhaint Amach’, sa chomhpháirtíocht le samhail dea-chleachtais a sholáthair chun nósanna imeachta a rialaíonn sábháilteacht ar bhóithre san ionad oibre a fhorbairt.

## An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe

Taxi Regulator
An Rialálaí Tacsaithe

Lean an RSA leo lena gcomhfheachtas leis an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe in 2009. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas teilifíse agus raidió ‘Friends’ meabhrú do dhaoine bheith ag smaoineamh chun tosaigh agus iad ag dul amach faoi choinne dí thar na laethanta saoire.

Ba é an phríomhtheachtaireacht gur cheart do dhaoine sult a bhaint as oíche amuigh ach gan a bheith ag tiomáint ar meisce. Bhí an feachtas ar siúl i rith an tSamhraidh agus i rith na Nollag le tionscnaimh leanúnacha an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre in aghaidh na tiomána ar meisce a chomhlánú.

## An Comórtas Treabhdóireachta

Bheir an RSA a dTointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre leo go dtí Comórtas Treabhdóireachta 2009 a ndearna de bhreis ar 150,000 duine freastal air. Mar chuid dá dtiomantas do chur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre ag an imeacht, thairg an RSA 40,000 veist ard-infheictheachta saor in aisce i gcomhar le FBD Insurance agus leis an Irish Farmers’ Journal d’fhonn an tsábháilteacht a chur chun cinn ar na bóithre agus ar an bhfeirm.

## Tabhartais in Aisce Earraí Ard-infheictheachta




*An feachtas ard-infheictheachta le básanna coisithe a laghdú ina leath á seoladh ag an Uasal Gay Byrne agus Beth Nunan, ball de Age Action.*

Sa bhliain 2009, chuaigh an RSA i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí le hearraí ard-infheictheachta a dháileadh saor in aisce. Ar na hearraí seo bhí:

- 250,000 cóta ard-infheictheachta d’úsáideoirí bóithre scothaosta i gcomhar le Age Action Ireland agus le United Drug;
- 25,000 cóta ard-infheictheachta gluaisrothaithe i gcomhar leis an iris, Bike Buyers’ Guide;
- 25,000 cóta ard-infheictheachta i gcomhar le FBD Insurance agus le Cónaidhm Díoltóirí Fíona na hÉireann.
- 40,000 cóta ard-infheictheachta i gcomhar le FBD Insurance agus leis an Irish Farmers’ Journal;

- 8,000 cóta ard-infheictheachta tugtha in aisce trí Advanced Pitstop;
- 20,000 cóta ard-infheictheachta trí Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI);
- Níos mó ná 30,000 cóta ard-infheictheachta tríd an nGarda Síochána ag imeachtaí éagsúla faoi shábháilteacht ar bhóithre agus ag cainteanna scoile.

Scaipeadh os cionn 65,000 banda muinchille do pháistí tríd an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar chuid den Fheachtas um Fhilleadh ar an Scoil i mí Mheán Fómhair 2009 agus tugadh breis agus 20,000 banda muinchille do dhaoine fásta don phobal ónár dtointeálaí idirghníomhach ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre agus tríd an nGarda Síochána.




*An dámhachtain um shábháilteacht ar bhóithre á bhronnadh ag Michael Brosnan, Bainisteoir Taighde an RSA ar Jonathan Murphy, Michael Breen agus Paul Fahey ag Taispeántas an Eolaí Óig.*

## Taispeántas BT an Eolaí Óig agus Teicneolaíochta 2009

Thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) cuireadh do dhaltaí cuairt a thabhairt ar a dTointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre atá lán de spraoi ag Taispeántas BT an Eolaí Óig agus Teicneolaíochta 2009 a reáchtáladh san RDS idir an 6 agus an 10 Eanáir 2009.

Bhí baill foirne an RSA ar fáil le comhairle agus le faisnéis a thabhairt faoi aon saincheisteanna ar shábháilteacht ar bhóithre. Mar chuid den fheachtas sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc na ndaltaí a bhí i láthair ag an imeacht seo, bhí na nithe seo a leanas á dtairiscint ag an RSA:

- Taispeántais an NCT – thug saineolaithe fúthu seo ar charr athláimhe le go mbeadh daltaí in ann feithicil lochtach a fheiceáil os a gcoinne agus leis na contúirtí féideartha a shainaithint. Rinneadh é seo ar bhuaileadh na huaire gach uair an chloig.
- Taispeáint fhógráin teilifíse an RSA – taispeánadh 'Better, Safer, Driver' agus an feachtas nua 'Crashed Lives' ar bhonn leanúnach.
- Comórtas XBOX – Bhí seans ag daltaí XBOX 360 a bhaint gach lá ach bhí orthu páirt a ghlacadh i dtráth na gceist faoi na gníomhaíochtaí uile a bhí ar na seastáin.
- Earraí an RSA – dáileadh máilíní droma, bandaí frithchaiteacha muinchille agus stiallacha ard-infheictheachta ar dhaltaí

## Seó Bóthair 'Check it Fits'

Thug seó bóthair an RSA 'Check it Fits' cuairt ar dheich láthair ar fud na tíre i 2008. Ag gach ceann de na hionaid don seó bóthair 'Check it Fits', tugadh cuireadh don phobal a gcuid suíochán gluaisteáin do pháistí a chur faoi scrúdú saineolaithe suiteála um shuíocháin chairr do pháistí le fáil amach an raibh siad comhoiriúnach maidir leis an bpáiste/leis an gcarr agus an raibh siad curtha isteach mar ba cheart. Má dhéantar cinnte go bhfuil srian oiriúnach curtha ar pháiste i suíochán cairr do pháistí, is féidir gortuithe a laghdú faoi 90-95% do shuíocháin aghaidh ar chúl agus faoi 60% do shuíocháin dírithe chun tosaigh.

| EARRACH 2009 AN 27-31 BEALTAINE | FÓMHAR 2009 AN 8-12 MEÁN FÓMHAIR |
|---|---|
| Léim an Bhradáin, Contae Chill Dara | Cathair Phort Láirge |
| Cill Chainnigh | Cathair Chorcaí |
| Baile Cheatharlach | Cathair na Gaillimhe |
| Droichead Átha, Contae Lú | Baile an Longfoirt |
| Sord, Contae Bhaile Átha Cliath | |

## Tugann Sir Alex Ferguson Tacaíocht don Fheachtas Sábháilteacht Páistí i gCarranna




*An tUasal Noel Brett, CEO an RSA agus Sir Alex Ferguson, bainisteoir fhoireann peile Mhanchain Aontaithe ag seoladh an fheachtais, 'Sábháilteacht Páistí i gCarranna'*

Thug Sir Alex Ferguson, bainisteoir fhoireann peile Mhanchain Aontaithe, tacaíocht phearsanta d'iarrachtaí an RSA sábháilteacht páistí i gcarranna a chur chun cinn i mí na Shamhna 2009. Gortaíodh an garmhac seo aigesean i dtuairt chairr i mí na Bealtaine 2009 nuair a lig sé leis an gcrios sábhála faoina sciathán.



## ‘Lá Domhanda Cuimhneacháin’

Thug an RSA cuireadh do dhaoine ó gach cearn den tír cuimhneamh ar íospartaigh tuairteanna bóthair ar ‘Lá Domhanda Cuimhneacháin d’Íospartaigh Trácht Bóthair’, Dé Domhnaigh an 15 Samhain 2009.
Chuaigh an RSA i gcomhpháirtíocht le hOifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre, le Seirbhísí Éigeandála agus le baill den Gharda Síochána leis an lá a chomóradh agus cuimhneamh ar na daoine a cailleadh ar na bóithre.
Cuireadh searmanas speisialta i láthair i nDoichead ‘Átha ar Lá Domhanda Cuimhneacháin sa Séipéal Agaistíneach. Tugadh cuireadh don ord rialta Anglacánach freastal ar an searmanas agus páirt a ghlacadh sa Lá Domhanda Cuimhneacháin.
Ina theannta sin, reáchtáil Comhairle Contae Lú paidreacha ag searmanais Chaitliceacha agus Anglacánacha i gContae Lú agus lasadh coinneal le linn na searmanas séipéil seo i gcuimhne na n-íospartach trácht bóthair.

## Seachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre – an 12-19 Deireadh Fómhair 2009

## Léacht Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa i dtaobh Sábháilteachta ar Bhóithre

Bhí níos mó ná 30 saineolaí um shábháilteacht ar bhóithre ón AE i gcuideachta toscairí Éireannacha ag Léacht Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC), ‘Alcól agus Tiomáint’, a raibh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ina n-óstaigh dó i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Luain an 12 Deireadh Fómhair. Bhí an léacht ar shábháilteacht ar bhóithre ar siúl an chéad lá de ‘Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre’.

Thug taighde ag an léacht le fios go gcuireann tiomáint ar meisce le suas le 10,000 bás ar bhóithre an AE gach bliain. Ina theannta sin, b’fhéidir gur chuir alcól le níos mó ná 1,000 imbhualadh marfach in Éirinn sna deich mbliana idir 1999 agus 2008.



*Gay Byrne, Cathaoirleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcuideachta Paddy agus Mary Matthews ó Matthews Coach ag Dámhachtainí Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre 2009, de chuid an t-Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i Farmleigh. Bronnadh na Dámhachtainí Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre (‘Leading Lights Road Safety Awards’) um ‘Eagraíocht’ agus ‘Ardghradam’ ar Matthews Coach as sraith beart um shábháilteacht ar bhóithre a chur i bhfeidhm le sábháilteacht a gcabhlaigh a fheabhsú, go háirithe suiteáil anáileadáin Alcolock 500.*

## Searmanas Dámhachtainí ‘Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre’

Bhí an searmanas seo ar siúl i Farmleigh. Thug na dámhachtainí aitheantas d’iarrachtaí daoine agus grúpaí sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn go náisiúnta agus sa phobal.

Bhuaigh Matthews Coach Hire an ‘tArdghradam’. Gnólacht teaghlaigh iad Matthews Coach atá lonnaithe i Inis Caoin i gContae Mhuineacháin. Bhunaigh Paddy Matthews, arb as Dún Dealgan dó ó dhúchas, agus a bhean chéile, Mary, an gnólacht i 1995. Cuireann an gnólacht seirbhís comaitéirí ar fáil do dhaoine atá i mbun oibre i mBaile Átha Cliath agus bronnadh an ‘tArdghradam’ agus an dámhachtain sa chatagóir ‘Eagraíochta’ orthu as sraith beart um shábháilteacht ar bhóithre a chur i bhfeidhm le sábháilteacht a gcabhlaigh a fheabhsú, go háirithe suiteáil anáileadáin Alcolock 500.

## ‘Oíche Eorpach gan Timpiste’

Bhí an RSA ina n-óstaigh don tríú ‘hOíche Eorpach gan Timpiste’ Dé Sathairn an 17 Deireadh Fómhair 2009 mar chuid de Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí sé mar aidhm ag an tionscnamh iompraíocht fhreagrach taobh thiar den roth a chur chun cinn i measc aostaigh óga.

Reáchtáil oibrithe deonacha fásta óga an tionscnamh a spreagann grúpaí de dhaoine óga atá ag dul isteach i gclubanna oíche ‘tiománaí ainmnithe’ a cheapadh don oíche. Tugadh banda rosta do na ‘tiománaithe ainmnithe’ lena mian fanacht ar shiúl ó alcól don oíche a chur in iúl. Agus iad ag fágáil an chlub oíche, d’iarr na hoibrithe deonacha ar na ‘tiománaithe ainmnithe’ séideadh isteach san anáileadán ar a dtoil féin le feiceáil an raibh siad dílis dá mian.

Chuir na torthaí in iúl gur éirigh cuid mhór daoine óga ina dtiománaithe ainmnithe agus gur chinn siad gan ól, agus gan tiomáint ar meisce dá bharr, don oíche. Reáchtáladh é seo in 11 chlub oíche i naoi mbaile agus gcathair éagsúla sa tír.

## Soilse Reatha Lae

Tugann staidéir le fios gur bealach éifeachtach é chun imbhuailtí a laghdú ná soilse reatha lae a úsáid de bharr go gcuireann siad feabhas ar an infheictheacht ar na bóithre. Le linn dheireadh seachtaine saoire bainc Dheireadh Fómhair, reáchtáil an RSA feachtas le gach úsáideoir bóthair a spreagadh na ceannsoilse maolaithe a úsáid, fiú agus iad ag tiomáint i rith an lae le hiarracht a dhéanamh imbhuailtí a chosc. Scaip an RSA bileog ar thiománaithe ina raibh comhairle faoin 'dea-smaoineamh' a bhí taobh thiar den teachtaireacht 'Cuir na Soilse ar Siúl le Beathaí a Shábháil' ('Lights on to Save Lives'). Tugtar breac-chuntas sa bhileog seo, atá ar fáil ar líne ag www.rsa.ie, faoin mbealach ar féidir le húsáid na gceannsoilse maolaithe cur le laghdú ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre agus spreagtar gach tiománaí a soilse a chur ar siúl, ní hamháin agus iad ag tiomáint san oíche. Dhírigh an RSA ar roinnt eagraíochtaí a thug cúnamh don fheachtas trí fheachtas an DRL a chur chun cinn i measc a gcuid fostaithe. Ar na fostóirí sin bhí institiúidí oideachais tríú leibhéal, ranna Rialtais, údaráis áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bus Átha Cliath agus Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann.




*Tús maith leath na hoibre! An tUasal John O'Gara, CEO, Park Rite agus an tUasal Noel Brett, CEO an RSA ag cur comhairle ar thiománaithe chun a gcrios sábhála a chaitheamh agus chun na ceannsoilse maolaithe a chur ar siúl i rith an lae.*

## Sheol an RSA agus Park Rite feachtas feasachta um shábháilteacht ar bhóithre in 2009. Dhírigh siad ar mhór-charrchlóis ar fud na tíre

Is é atá faoi thrácht san fheachtas suiteáil póstaer a thaispeánann teachtaireachtaí faoi chaitheamh criosanna sábhála agus faoi shoilse reatha lae (DRL) i láithreacha an-infheicthe, i mbealaí isteach agus amach agus i limistéir ionad íoctha, i gcarrchlóis Park Rite ar fud na tíre. Chuir Park Rite láithreacha uile na bpóstaer ar fáil ina gcuid carrchlós saor in aisce don RSA.

## Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil

Bhí an RSA ina n-óstaigh do cheithre sheimineár le hOifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil in 2009. Ba é aidhm na seimineár cur chuige níos comhtháite i dtaobh sábháilteachta ar bhóithre a éascú ar fud na tíre.
D'fhorbair an RSA tairseach faisnéise le haghaidh Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSOanna). Cuirtear Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an eolas maidir le gach gníomhaíocht um shábháilteacht ar bhóithre tríd an meán seo lena n-áirítear staitisticí seachtainiúla um shábháilteacht ar bhóithre arna chur ar fáil ag an nGarda Síochána, preaseisiúintí, sonraí maidir le cláir oideachais um shábháilteacht ar bhóithre lena n-áirítear leibhéil réamhscoile agus bunscoile, dara leibhéil, tríú leibhéil agus leibhéal pobail.



*An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa leis an othar a bhí i dtimpiste gluaisrothair, Derek Doorley agus an tUasal Gay Byrne, Cathaoirleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ag feachtas na Nollag in aghaidh tiomána faoi thionchar dí san Ospidéal Náisiúnta Athshlánaithe, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.*

## Feachtas na Nollag in aghaidh Tiomána faoi Thionchar Dí

Feachtas na Nollag & Athbhliana um Shábháilteacht ar Bhóithre 2009. Dé Céadaoin an 25 Samhain 2009, sheol Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa Feachtas Nollag & Athbhliana um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus an Gharda Síochána ag an Ospidéal Náisiúnta Athshlánaithe, i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath. Chuaigh an RSA i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe agus le MEAS don dara huair in 2009 chun feachtais in aghaidh tiomána ar meisce a sheoladh. Áiríodh san fheachtas, i bpáirt leis an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe, fógra teilifíse agus raidió dírithe ar dhaoine a spreagadh le dul abhaile go sábháilte i rith an tséasúir fhéiltiúil trí úsáid a bhaint as tacsaithe nó fruilcharranna. Áiríodh sa dara feachtas, i bpáirt le MEAS, dhá fhógra raidió agus cuireadh béim iontu ar an gcontúirt a bhaineann le tiomáint ar meisce an mhaidin tar éis bheith amuigh ag ól.

## Foláireamh Aimsire um Shábháilteacht ar Bhóithre

In 2009, lean an RSA orthu leis an tseirbhís um fholáireamh aimsire le Met Éireann. Tá an RSA mar pháirtí fógartha i ngach dianrabhadh aimsire a eisíonn Met Éireann. D'eisigh an RSA roinnt foláireamh um shábháilteacht ar bhóithre don phobal tar éis rabhadh den chineál sin a fháil ó Met Éireann in 2009.

## Ceolchoirmeacha / Féilte

Chuir an RSA idirghabhálacha fógraíochta um shábháilteacht ar bhóithre ar fáil ag gach mórfhéile ceoil i rith an tSamhraidh, go speisialta, Féile Ceoil Oxygen, an fhéile ceoil faoin spéir is mó sa bhliain. Bhí an RSA i láthair chomh maith ag imeachtaí Electric Picnic agus Modified Motors.

## Poiblíocht

Chuir Roinn Cumarsáide an RSA tacaíocht phoiblíochta ar fáil do gach feachtas fógraíochta agus bolscaireachta a seoladh in 2009 agus baineadh amach clúdach suntasach meáin a chuir le feasacht, tuiscint agus díospóireacht phoiblí ar na saincheisteanna sin. Anuas air sin, eisíodh sruth seasta eisiúintí meán i rith 2009 a chlúdaigh go leor ábhair éagsúla go mion ar an teilifís, raidió, preas agus meáin leictreonacha agus d'eascair agallaimh le hurlabhraithe RSA as sin.

# Taighde um Shábháilteacht ar Bhóithre

Déanann an Roinn Taighde san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre clár oibre a shainítear sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012. Clúdaíonn an roinn na príomhréimsí seo a leanas:

- Cothabháil an bhunachair shonraí um imbhualadh bóithre agus an chórais eolais;
- Grinnanailís ar an sonraí imbhuailte;
- Tuairiscí staitistiúla a chur ar fáil maidir le himbhuailtí bóithre in Éirinn;
- Suirbhé ar luas agus ar chaitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann;
- Sainaithint chórasach ar shuíomhanna ard-imbhuailte ar an ngréasán bóithre náisiúnta;
- Taighde ildisciplíneach a dhéanamh leis an gcaoi a dtarlaíonn imbhuailtí bóithre agus na gortuithe a eascraíonn astu a thuiscint;
- Bealaí a mholadh agus a mheas chun imbhuailtí agus gortuithe a chosc;
- Rannpháirtíocht i dtionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde sa réimse sábháilteachta ar bhóithre;
- Rannpháirtíocht i gcláir thaighde AE cosúil le SARTRE, CARE, IRTAD agus EURORAP;
- Eolas a sholáthar do chomhlachtaí poiblí, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Déanann an roinn teagmháil chomh maith le Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána, leis an t-Údaráis um Bóithre Náisiúnta, le Bord Eolaíocht Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil agus le heagraíochtaí eile ar ghnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde um shábháilteacht ar bhóithre.

## GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE 2009

### Bunachar Sonraí um Imbhuailtí Bóithre

Cuirtear eolas imbhuailte a ghineann baill an Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Roinn Anailíse san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) i gcomhair anailíse agus foilsiú. Déantar léarscáiliú agus anailísiú ar an eolas imbhuailte sa Roinn Taighde den RSA. Foilsíonn an RSA torthaí na hanailíse ina Leabhar Fírice um Imbhuailtí Bóithre go bliantúil. Tá faisnéis ghinearálta, faisnéis ar fheithiclí agus faisnéis eile ar nós cúiseanna féideartha imbhuailtí san eolas imbhuailte. Úsáidtear na torthaí chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, chun díriú ar thionscnaimh shábháilteachta agus chun cur le hathbhreithniú leanúnach ar bheartas poiblí maidir le sábháilteacht ar bhóithre. I 2009, foilsíodh Leabhar Fírice um Imbhuailtí Bóithre 2008 agus tuairiscíodh ann gur maraíodh 279 duine, gur gortaíodh 9,758 agus gur bhain 21,728 imbhualadh le damáiste maoine nó ábhair amháin as an 28,464 imbhualadh mótarfheithicil Garda-tuairiscithe.



### Suirbhé Saorluais

Foilsíodh Suirbhé Saorluais Bliantúil do 2008 ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2009. Féachadh ar 11,935 carr, 1,296 feithicil altacha, 3,108 feithicil dochta agus 360 bus aon stóir. D'aimsigh an suirbhé go raibh an céatadán daoine a sháraigh an luasteorainn idir 16% agus 86% ag brath ar an gcineál bóthair agus an luasteorainn a bhain leis. Ina theannta sin, bhí an céatadán tiománaithe a bhris an luasteorainn de 10km/u nó níos mó idir 3% agus 47%, ag brath ar an gcineál bóthair. Aimsíodh sa suirbhé go raibh feabhas suntasach sa chéatadán feithiclí a bhí ag cloí leis na luasteorainneacha ar bhóithre náisiúnta agus cónaithe uirbeacha. Ach tá cloí iomlán tiománaithe le luasteorainneacha ar bhóithre uirbeacha fós go dona. Ar an meán, sháraigh triúr as gach cúigear tiománaithe an luasteorainn a leagadh amach i gceantair uirbeacha.



### Suirbhé maidir le Caitheamh Crios Sábhála

I 2008, rinne an RSA suirbhé ar chaitheamh crios sábhála ar bhóithre na hÉireann a foilsíodh i 2009. Taifeadadh úsáid crios sábhála agus inscne ó thiománaithe ag taisteal feadh sampla bóithre a roghnaíodh. Taifeadadh sonraí ó thiománaithe carr, tiománaithe feithicle earraí éadroma agus ó phaisinéirí fásta chun tosaigh agus ar chúl. Rinneadh suirbhéanna eile ar leanaí bunscoile agus meánscoile a bhí ag taisteal chun tosaigh nó ar chúl sa charr chomh maith.




Rinneadh an suirbhé i measc 16,413 duine fásta a bhí i suíochán tosaigh feithiclí, arb tiománaithe 13,521 (82%) díobh. Sa mhullach air sin, féachadh ar 586 duine fásta a bhí i suíocháin chúil. I 2008, taifeadadh 89% de dhaoine fásta (tiománaithe, paisinéirí tosaigh agus cúil) agus crios sábhála á chaitheamh acu – an ráta is airde go dtí seo. Chonacthas go raibh 90% de thiománaithe ag caitheamh crios sábhála, feabhas 2% ar rátaí 2007. Aimsíodh na rátaí seo a leanas i suirbhéanna um chaitheamh crios sábhála i mblianta roimhe seo:

- 2006 agus 2005 - 86 %
- 2003 - 85 %
- 2002 - 71 %
- 1999 - 55 %
- 1991 - 52 %

Ag 74%, chonacthas ardú 4% ar rátaí caithimh chrios sábhála in 2007 (70%) i measc leanaí bunscoile. Chonacthas ardú níos suntasaí i measc daltaí meánscoile agus 72% díobh ag caitheamh crios sábhála, ardú 9% ar 2007 (63%).

## Staidéar Breathnaitheach ar Úsáid Ghutháin Phóca i measc Tiománaithe 2009

Choimisiúnaigh an RSA suirbhéanna breathnaitheacha ar thaobh an bhóthair ar úsáid ghutháin phóca i measc tiománaithe. Rinneadh na suirbhéanna breathnaitheacha ar thiománaithe i gcarranna ar thaobh an bhóthair ag 45 suíomh i seacht gceantar in Éirinn. Seo a leanas na ceantair:




- Baile Átha Luain agus an ceantar máguaird
- Corcaigh
- Baile Átha Cliath
- Dún Dealgan / Droichead Átha
- Gaillimh
- Luimneach
- Maigh Nuad agus an ceantar máguaird, Co. Chill Dara

Thaifead an suirbhé an raibh nó nach raibh guthán póca láimhe in úsáid ag an tiománaí i ngach feithicil ag dul thar shuíomh an tsuirbhé. Ina iomláine, rinneadh 33,949 breathnóireacht ina raibh guthán póca láimhe in úsáid ag 1,964 tiománaí. Léiríonn sé seo ráta iomlán neamhchloíte 6%.

| | BREATHNÓIR-EACHTAÍ IOMLÁNA | ÚSÁID GHUTHÁIN PHÓCA | % AG ÚSÁID GUTHÁN PÓCA |
|---|---|---|---|
| BAILE ÁTHA LUAIN & AN CEANTAR MÁGUAIRD | 4059 | 71 | 2% |
| CORCAIGH | 4664 | 576 | 12% |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 6817 | 248 | 4% |
| DÚN DEALGAN / DROICHEAD ÁTHA | 3797 | 132 | 3% |
| GAILLIMH | 5036 | 184 | 4% |
| LUIMNEACH | 5038 | 333 | 7% |
| MAIGH NUAD & AN CEANTAR MÁGUAIRD | 4538 | 425 | 9% |
| IOMLÁN | **33,949** | **1,969** | **6%** |

## Staidéar Breathnaitheach ar Úsáid Mhíchuí Lampaí Ceo i measc Tiománaithe 2009

Choimisiúnaigh an RSA suirbhéanna breathnaitheacha ar thaobh an bhóthair ar úsáid mhíchuí lampaí ceo i measc tiománaithe. Rinneadh na suirbhéanna breathnaitheacha ar thiománaithe i gcarranna ar thaobh an bhóthair ag 75 suíomh i 20 ceantar in Éirinn. Léirítear na ceantair seo thíos. Thaifead an suirbhé an raibh nó nach raibh lampaí ceo ar siúl ag an am sonrach sin. Ag gach am, taifeadadh an aimsir chomh maith. Ina iomláine, rinneadh 58,008 breithniúchán. Fágadh amanna nuair a bhí ceo nó ceochán ann ar lár ón gcomhaireamh, rud a d'fhág iomlán 53,881 (fágann sé seo cúig shuíomh amach ón iomlán). Is é an meánlíon lampaí ceo a bhí ar siúl nuair nach raibh gá leo 7,108 (13%).

| | BREATHNÓIR-EACHTAÍ IOMLÁNA | ÚSÁID LAMPAÍ CEO | % AG ÚSÁID LAMPAÍ CEO NUAIR NÁR THEASTAIGH SIAD |
|---|---|---|---|
| BAILE ÁTHA LUAIN & AN CEANTAR MÁGUAIRD | 4608 | 811 | 18% |
| CORCAIGH | 5739 | 1237 | 22% |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 8102 | 902 | 11% |
| DÚN DEALGAN / DROICHEAD ÁTHA | 3408 | 460 | 13% |
| GAILLIMH | 6529 | 740 | 11% |
| LUIMNEACH | 7410 | 369 | 5% |
| MAIGH NUAD & AN CEANTAR MÁGUAIRD | 4186 | 608 | 15% |
| CILL DARA | 3128 | 418 | 13% |
| AN CABHÁN | 463 | 107 | 23% |
| AN CLÁR | 717 | 110 | 15% |
| CILL CHAINNIGH | 571 | 65 | 11% |
| LAOIS | 1167 | 129 | 11% |
| LÚ | 648 | 91 | 14% |
| MAIGH EO | 1434 | 236 | 16% |
| AN MHÍ | 2532 | 416 | 16% |
| MUINEACHÁN | 1080 | 185 | 17% |
| UÍBH FHAILÍ | 575 | 109 | 19% |
| SLIGEACH | 1368 | 78 | 6% |
| TIOBRAID ÁRANN | 216 | 33 | 15% |
| IOMLÁN | **53,881** | **7,104** | **13%** |

## Leabharlann

Tá leabharlann taighde bunaithe ag an roinn taighde ag ceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Tá an leabharlann anois ina hacmhainn shuntasach faisnéise i ngach gné de shábháilteacht ar bhóithre.

## Suirbhéanna Dearcaidh

Choimisiúnaigh an roinn taighde taighde dearcaidh ar úsáideoirí bóithre na hÉireann ar na saincheisteanna seo a leanas:

- úinéireacht feithicle
- ceadúnais tiomána
- úsáid feithicle
- amanna turais
- iompraíochtaí tiomána róthapa
- baint le himbhuailtí
- sábháilteacht cairr
- úsáid srianta leanaí
- éadaí cosanta
- úsáid clogaid
- tiomáint ar meisce
- úsáid ghutháin phóca
- tiomáint faoi thionchar drugaí agus iompraíocht tiomána.

Críochnaíodh an obair allamuigh agus an anailís in 2009 agus scaipfear an taighde i rith chéad ráithe 2010.

## Teagmháil Idirnáisiúnta

Tá an RSA tiomanta do rannpháirtíocht i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt laistigh den údarás den chaighdeán is airde. Rinne an roinn taighde ionadaíocht thar ceann an RSA ag cruinniú bliantúil Bhord an Fhóraim Eorpaigh d'Institiúidí Taighde um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); cruinniú bliantúil OECD – Fóram Iompair Idirnáisiúnta; Bunachar Sonraí um Thrácht agus Timpistí ar Bhóithre (IRTAD); comhdháil bhliantúil na Faireachlainne Eorpaí um Shábháilteacht ar Bhóithre (ERSO-SafetyNet); agus cruinniú bliantúil PIN den Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC).

## ETSC (Comhairle Eorpach um Shábháilteacht Iompair): Léacht Bhliantúil

Reáchtáladh an 11ú léacht de chuid ETSC i mBaile Átha Cliath an 12 Deireadh Fómhair 2009 mar chuid de Sheachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann agus d'óstáil an RSA é, atá ina bhall eagraíochta den ETSC.

Ba é an tOllamh Denis Cusack, Stiúrthóir na hOifige Míochaine um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Ollamh le Míochaine Fhóiréinseach agus Míochaine Dlí ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath an príomhchainteoir. Ba é téama an pháipéir a thug an tOllamh Cusack *"Tiomáint ar Meisce – soirbheachas cuí leis an ngá do smaoineamh le chéile agus le gníomhaíocht thar na gairmeacha, gníomhaireachtaí agus Stáit"* ('Intoxicated Driving – Justified optimism with the need for joined up thinking and action across professions, agencies and States'). Roimh an léacht, thug an tAire Iompair, an tUasal Noel Dempsey, T.D. aitheasc oscailte agus labhair Noel Brett, CEO an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus an tOllamh Richard Allsop, Stiúrthóir Bhord ETSC, chomh maith.

Dúirt an tOllamh Cusack go raibh lagú mar thoradh ar alcól ar bith a ól. Dúirt an tOllamh Cusack go raibh an líon cásanna a raibh baint ag drugaí le tiomáint ag ardú agus go raibh an Oifig Míochaine ag tástáil níos mó samplaí agus ag fáil níos mó torthaí dearfacha do dhrugaí gach bliain. In 2008, thástáil an MBRS 1,842 sampla agus dheimhnigh siad drugaí i 1,411 cás.

Mar fhreagra ar léacht an Ollaimh Cusack, leag Stefan Siegrist, Leas-Stiúrthóir agus Ceann Taighde agus Oiliúna ag an gComhairle Eilvéiseach do Chosc Timpistí amach na hathruithe san Eilvéis tar éis an leibhéal 0.05g/dL a thabhairt isteach in 2005. Thug Eva-Maria Erenli, cinnire tionscadail agus saineolaí dlí ag Bord um Shábháilteacht ar Bhóithre na hOstaire páipéar den chineál céanna ar an staid san Ostair tar éis an leibhéal BAC a laghdú i 1975. Sa dá chás, bhí dea-thionchar ag an laghdú ar rátaí imbhuailte agus ar rátaí ciontaithe. D'fhreastail os cionn céad toscaire ar an léacht.

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do chlár taighde fadtéarmach um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt.

# Caighdeáin Feithicle agus Forfheidhmiú

Tá ceanncheathrú na Stiúrthóireachta um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú bunaithe i mBaile Locha Riach, áit a bhfuil forfheidhmiú agus feidhmeanna tástála feithiclí tráchtála bunaithe. Tá an fheidhm um Chaighdeáin Feithiclí bunaithe i gCeanncheathrú an RSA i mBéal an Átha.

**Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú na príomhréimsí agus feidhmeanna seo a leanas:**

- **faomhadh agus rialúchán um chur chun seirbhíse feithiclí nua agus rialúchán feithiclí in úsáid ar ár mbóithre;**
- **reachtaíocht iompair ar bhóithre AE agus náisiúnta maidir le tacagraif, rialacha tiománaithe, Treoir ar Am Oibre agus ceadúnú tarlaithe bóthair agus oibríochtaí paisinéara a fhorfheidhmiú;**
- **maoirsiú a dhéanamh ar an scéim Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála chun caighdeán agus sláine na scéime a chinntiú agus chun cuidiú leis an nGarda Síochána chun seiceáil ar thaobh an bhóthair a dhéanamh ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála;**
- **an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riaradh agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora ar son an Stáit;**
- **scéim eisiúna Cárta Tacagraif Dhigitigh a riaradh ar son an Stáit.**

**Is é aidhm fhoriomlán na Stiúrthóireachta a chinntiú go bhfuil caighdeáin feithiclí agus nósanna imeachta tástála na hÉireann ar aon dul le dea-chleachtas agus gur féidir le hoibreoirí agus le tiománaithe feithiclí tráchtála a n-oibleagáid a shásamh chun feithiclí tráchtála a úsáid agus a fheidhmiú go sábháilte agus go ndéanann siad sin. Is é an aidhm atá leis a chinntiú go gcuireann obair na Stiúrthóireachta leis an RSA bheith ina údarás aitheanta ag a bhfuil tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre.**



## Caighdeáin Feithiclí

Tá caighdeáin feithiclí ag athrú agus ag feabhsú go leanúnach de bharr forbairtí sábháilteachta, comhshaoil agus teicneolaíochta. Tá oibleagáid láidir reachtúil ann chomh maith chun caighdeáin feithiclí a rialú mar thoradh ar Achtanna um Thrácht ar Bhóithre na hÉireann agus Treoracha AE.

Rinne an RSA ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag fóraim AE agus idirnáisiúnta agus tá siad freagrach as ionchur i mbeartas AE, agus é a fhorfheidhmiú, maidir le faomhadh cineáil agus iontráil i seirbhís feithiclí nua. Tá an RSA freagrach chomh maith as reachtaíocht nua um Thrácht ar Bhóithre a mholadh d'fheithiclí atá in úsáid ar ár mbóithre.

Oibríonn an RSA go dlúth le roinnt comhlachtaí eile Stáit maidir le caighdeáin feithiclí, lena n-áirítear an Roinn Iompair, na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Cineálcheadú Iomlán Feithicle CE



Tugadh isteach Cineálcheadú Iomlán Feithicle CE (ECWVTA) agus na Scéimeanna Náisiúnta lena mbaineann in Éirinn i Aibreán 2009. Is é cuspóir an chórais chineálcheadaithe bacainní le díol feithiclí bóthair idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a bhaint agus ag an am céanna a chinntiú go gcloíonn na feithiclí le riachtanais choitianta sábháilteachta agus comhshaoil.

Den chéad uair, tá córas ag Éirinn chineálcheadú náisiúnta a chinnteoidh caighdeán comhsheasmhach feithiclí a thiontaítear nó a mhionathraítear in Éirinn. Ó Aibreán 2009, caithfidh gach feithicil M1 (carranna le níos lú ná 8 suíochán do phaisinéirí) cineálcheadú a fháil sular féidir iad a chlárú. Ag dátaí éagsúla idir Deireadh Fómhair 2010 agus Deireadh Fómhair 2014, beidh ar veaineanna, trucailí, busanna agus leantóirí cloí le riachtanais chineálcheadaithe d'fhonn bheith cláraithe in Éirinn.

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an t-údarás deimhnithe um chineálcheadaithe (féach www.nsai.ie).

Oibríonn an RSA go dlúth leis an NSAI lena chinntiú go bhfuil an córas cineálcheadaithe ag obair go héifeachtach.

## Sainchomhairliúcháin Phoiblí

I rith 2009, rinne an RSA na sainchomhairliúcháin phoiblí seo a leanas maidir le Caighdeáin Feithicle:

- Soilse Reatha Lae

Bíonn feithiclí níos feiceálaí má bhíonn Soilse Reatha Lae (DRL) orthu agus léiríonn taighde go laghdaíonn DRL an dealraitheacht go mbeadh imbhuailtí ilpháirtí ann i rith an lae. Bhí dhá rogha i gcáipéis sainchomhairliúcháin an RSA d'fhorfheidhmiú DRL in Éirinn:

Rogha 1 - Go n-úsáidfeadh gach feithicil nua agus atá ann cheana DRL.

Rogha 2 - Go bhforfheidhmeofaí na bunriachtanais Eorpacha in Éirinn, dá bhrí sin ní bheadh tionchar aige ach ar fheithiclí nua ó na dátaí a leagadh amach sa Treoir AE 2008/89/EC.

Fuair an RSA líon mór freagraí ar an sainchomhairliúchán a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu anois. Ansin tabharfaidh an RSA a moltaí don Aire Iompair chun críche.

- Coscánú

Mhol an sainchomhairliúchán caighdeáin coscánaithe a thabhairt isteach i bhfeithiclí nua de réir an dea-chleachtais san AE. Moltar chomh maith go láidreofaí an dlí atá ann trína dhéanamh riachtanach go ndéanfaí cothabháil ar fhearais choscánaithe feadh shaolré na feithicle.

Bhí tacaíocht fhorleathan leis na tograí. Ag deireadh 2009, bhí anailís an RSA ar fhreagraí an tsainchomhairliúcháin gar le bheith críochnaithe agus bhíothas ag súil le tograí a chur faoi bhráid an Aire Iompair go luath I 2010.

- Sochtadh Sprae

Cuireann córais sochta sprae ar fheithiclí earraí troma le sábháilteacht ar bhóithre tríd an méid sprae a chaitheann rothaí na bhfeithiclí sin aníos agus iad ag taisteal ar bhóithre fliucha a laghdú. Ina gcáipéis sainchomhairliúcháin, mhol an RSA go mbeadh córais sochta sprae éigeantach ar fheithiclí earraí troma nua agus atá ann cheana, atá níos troime ná 7.5 tona Ollmheáchan Feithicle (GVW) agus leantóirí níos troime ná 3.5 tona GVW. Bhí measúnú ar na freagraí a fuarthas gar le bheith réidh faoi dheireadh na bliana.

## Athbhreithniú ar Theorainneacha Meáchain do Mhótarfheithiclí agus do Leantóirí in Éirinn

Ag deireadh 2009, cuireadh síneadh leis an díolúine shealadach d'fheithiclí os cionn 42 tona go dtí an 30 Meán Fómhair, agus leanadh ar aghaidh le breithniú ar athbhreithniú an RSA ar theorainneacha meáchain sa Roinn Iompair. Chuir an RSA aguisín leis an athbhreithniú maidir le cóistí chuig an Roinn Iompair i 2009.

## Athbhreithniú ar Úsáid Feithiclí Talmhaíochta agus Oibre ar Bhóithre na hÉireann

I Márta 2009, chuir an RSA tuarascáil agus moltaí ar fáil a d'eascair óna n-athbhreithniú ar úsáid feithiclí talmhaíochta agus oibre ar bhóithre na hÉireann. Cuireadh é seo faoi bhráid na Roinne Iompair i gcomhair athbhreithniú. Bhí go leor suime san athbhreithniú agus sa sainchomhairliúchán poiblí. Rinne an RSA anailís agus breithniúchán ar na freagraí a fuarthas agus a moltaí á réiteach don Aire Iompair.



## Fóram Comhairleach Teicniúil

I rith 2009, lean an Fóram Comhairleach Teicniúil ag cur comhairle ar an RSA maidir le caighdeáin teicniúla amach anseo agus ábhar na dtástálacha náisiúnta carranna agus feithiclí tráchtála um ródacmhainneacht. Tá ionadaithe san Fhóram ó DIT, NCT, SIMI, Cigireacht Feithicle an RSA, Oifigigh Údaraithe Údaráis Áitiúil, an Garda Síochána, oifig an Rialálaí Tacsaithe, Coiste Tástálaithe VTN, AA, Comhghrúpa Thionscal Bonn na hÉireann agus ó NSAI. Faoi dheireadh 2009, bhíothas ag dul ar aghaidh go maith le hobair ar lámhleabhair nua don NCT agus don tástáil ar Fheithiclí Earraí Troma (HGV).

## Tástáil Feithicle




De réir Threoir 2009/40/CE, caithfidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh socruithe bheith i bhfeidhm acu chun tástáil éigeantach thréimhsiúil a ródacmhainneachta a dhéanamh ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí atá cláraithe leo. Ón 13 Meán Fómhair 2006, tá freagracht ar an RSA i dtaobh tástáil feithicle, lena n-áirítear oibríocht an chonartha do thástáil náisiúnta carranna.

## NCTS

Chuir an National Car Testing Service Ltd (NCTS) ar fáil in Éirinn ó Eanáir 2000 go Nollaig 2009. Bhí an t-oibreoir faoi chonradh don RSA le réimse caighdeán feidhmíochta a shásamh don NCT lena n-áirítear seirbhís do chustaiméirí, áitribh, tástáil trealaimh, foireann, socruithe tástála, áiseanna bainistíochta and bainistiú teicneolaíocht faisnéise. Tá na caighdeáin feidhmíochta deartha lena chinntiú go bhfuil na tástálacha slán agus go bhfuil ardleibhéal seirbhíse do chustaiméirí ann. Faigheann an RSA cúnamh ó Chonraitheoir Maoirseoireachta Seirbhísí (SSC) chun maoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an NCTS lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís tástála carranna á cur ar fáil aige de réir théarmaí an chonartha idir an Chuideachta agus an RSA.

I 2009, bhí 44 ionad tástála 'National Car Testing Service Ltd' sa tír agus ionad amháin ar a laghad i ngach contae. Lonnaíodh na hionaid chun go mbeadh 90% ar a laghad de thiománaithe laistigh de 30 míle ón ionad is gaire.

## Conradh NCTS 2010 go 2019

Tar éis próiseas tairisceana soláthair in 2008, bhronn an RSA an conradh chun an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a sholáthar ó 2010 go 2019 ar 'Applus+ Servicios Tecnologicos' (Applus+).  Is cuideachta ceannaireachta atá in Applus+ i dtástáil, i dteastasú agus i seirbhísí teicneolaíochta. D'oibrigh an RSA leis an gconraitheoir a bhí ann agus leis an gconraitheoir nua i rith 2009 lena chinntiú go n-aistreofaí an tseirbhís chuig an gconraitheoir nua in Eanáir 2010 gan aon fhadhb agus chun aon chur isteach ar an tseirbhís a íoslaghdú. Ba iad na príomh-shaincheisteanna a bainistíodh i rith 2009 aistriú 44 ionad tástála agus os cionn 500 ball foirne mar aon lena chinntiú go raibh córais i bhfeidhm i gcomhair tástála agus áirithinte. B'éigean don chonraitheoir nua dhá ionad nua tástála a chur ar fáil chomh maith ag Carn Domhnach, Contae Dhún na nGall agus ag na Glaschnoic, Tamhlacht, Contae Bhaile Átha Cliath.  Thosaigh Applus+ ar an NCTS ar an 4 Eanáir 2010.

## Tástáil NCT

Tar éis sainchomhairliúchán poiblí in 2009, mhol an RSA go gcuirfí roinnt míreanna nua tástála leis an NCT ón 1 Aibreán 2010. Áirítear leis na míreanna nua, a shínigh an tAire i ndlí i Nollaig 2009:

- Teimhneacht an ghaothscátha agus na bhfuinneog tosaigh agus taoibh;
- Lampa ceo cúil;
- Lampa cúlaithe;
- Boinn-E nó marc e ag teastáil;`
- Táscairí mífheidhme d'Aermhálaí, do Chórais Leictreonacha Rialaithe Chobhsaíochta (ESC) agus do Chórais Choscánaithe Leictreonaigh (EBS) / Córas Coscánaithe Frithghlasála (ABS);
- Lampa ós cionn an phláta cláraithe cúil;
- Torann ó sceithphíopa feithicle.

## Líon na dTástálacha a rinne an NCTS

Ar an 13 Aibreán 2009, d'fhógair an tAire Iompair go mbeadh suas le cúig phointe pionóis i gceist dá gciontófaí duine de bharr nach raibh Teastas NCT bailí ar taispeáint acu. Bhí éileamh nach bhfacthas cheana ann de bharr na fógartha seo agus rinneadh 864,499 tástáil iomlán i 2009. Meastar gur cheart go mbeadh tástáil déanta in 2008 ar timpeall 80,000 feithicil a chur tástáil in áirithe tar éis Aibreán 2009. Ba cheart go ndéanfaí tástáil ar 5,500 eile in 2007. D'éirigh go maith leis an bhfógairt chun líon mór feithiclí, a raibh teastais ródacmhainneachta in éag orthu, a thabhairt ar ais sa chóras tástála.

I láthair na huaire, caithfidh carranna dul faoi thástáil ródacmhainneachta nuair atá siad ceithre bliana d'aois agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Tá tástáil bhliantúil le tabhairt isteach i Meitheamh 2011 le haghaidh carranna atá níos sine ná 10 mbliana d'aois.

- In 2007, tugadh faoi 686,705 tástáil iomlán lenar bhain pasráta 51.8%, agus tugadh faoi 330,997 atástáil lenar bhain pasráta 86.3%.
- In 2008, tugadh faoi 835,802 tástáil iomlán lenar bhain pasráta 51.9%, agus tugadh faoi 402,125 atástáil lenar bhain pasráta 86.8%.
- In 2009, tugadh faoi 864,499 tástáil iomlán lenar bhain pasráta 51.5%, agus tugadh faoi 367,467 atástáil lenar bhain pasráta 90.7%.




## Tástáil Feithiclí Tráchtála

Déanann os cionn 147 ionad príobháideach tástála, a cheapann agus a mhaoirsíonn Údaráis Áitiúla, tástáil bhliantúil ar fheithiclí tráchtála in Éirinn. De réir tuairiscí a rinne na hionaid tástála don RSA, rinneadh 119,278 tástáil ar Fheithiclí Earraí Troma (ardú 10% ó 2008) agus 382,751 tástáil ar Fheithiclí Earraí Éadroma (ardú 21% ar 2008) i 2009.

I 2009, thug Cigirí Feithicle an RSA cuairt ar 257 ionad tástála um Ghréasáin Tástála Feithicle chun athbhreithniú a dhéanamh ar chloí le caighdeáin ionad tástála d'fheithiclí tráchtála agus comhsheasmhacht tástála. Cuireadh aon saincheisteanna a ardaíodh faoi bhráid na nÚdarás Áitiúil atá freagrach as ceadúnú agus as maoirsiú na n-ionad tástála d'fheithiclí tráchtála.

## Seiceáil ar thaobh an bhóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála

Tá an Garda Síochána freagrach as ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair. Tacaíonn an RSA leo san fheidhm seo. Ghlac Cigirí Feithicle an RSA páirt i 299 seic ar thaobh an bhóthair i 2009 a léiríonn ardú os cionn 30% ó 2008. Rinneadh tástálacha ar thaobh an bhóthair ar 2,585 trucail agus bus agus léirigh na tástálacha seo go raibh locht ag baint le 1,147 feithicil. De na feithiclí a ndearnadh Cigirí Feithicle an RSA cigireacht orthu, bhí lochtanna soilsithe/marcála ar 21%, lochtanna coscánaithe ar 17% agus rothaí/boinn lochtacha ar 12% díobh.

## Tuarascálacha ó Bhallstáit eile de chuid an AE maidir le feithiclí tráchtála na hÉireann

I rith 2009, fuair an RSA tuarascálacha ó 'Vehicle Operator Standards Agency' (VOSA) sa Ríocht Aontaithe (RA) gur stopadh 5,338 feithicil Éireannach tráchtála san RA a raibh locht feithicle orthu agus go raibh locht tromchúiseach ar 29% díobh. Ba leantóirí os cionn 57% de na feithiclí lochtacha a thuairiscigh an VOSA agus bhí 28% de na lochtanna leantóra tromchúiseach. In 2009, thaifead an RSA na tuarascálacha ar fad a fuair siad agus rinne siad athbhreithniú orthu. I gcás lochtanna tromchúiseacha feithicle, rinneadh teagmháil le hoibreoirí trí litir a sheoladh chucu agus iarradh orthu sonraí a chur ar aghaidh maidir leis an obair leasaithe ar fad a rinneadh.

## Clár um Oibreoirí Cothabhála

I 2009, thosaigh an RSA clár píolótach um oibreoirí cothabhála agus é mar aidhm acu an tábhacht agus na tairbhí a bhainfidh oibreoirí as córas cothabhála feithicle éifeachtach a bheith acu a ardú. Thug Cigirí Feithicle RSA cuairt ar roinnt oibreoirí chun measúnú a dhéanamh ar a gcórais chothabhála agus comhairle a thabhairt maidir le feabhsúcháin. Tá go leor de na gnéithe a bhaineann le córas éifeachtach cothabhála coisc simplí, saor agus ciallmhar agus gnéithe iad ar féidir le gach oibreoir a chur i bhfeidhm go héasca. Tá go leor tairbhí chomh maith ag baint le córas éifeachtach cothabhála feithicle bheith i bhfeidhm lena n-áirítear sásamh ardaithe custaiméara, níos lú briseadh síos feithiclí, costais laghdaithe chothabhála agus sábháilteacht ardaithe ar bhóithre do gach úsáideoir bóithre. D'fhéadfadh tiománaí formhór na lochtanna a aimsíodh ar thaobh an bhóthair a aimsiú é/í féin ach siúl timpeall ar an bhfeithicil agus d'fhéadfaí iad a cheartú go héasca sular cuireadh an fheithicil ar an mbóthar. Ag deireadh 2009, bhí an RSA ag forbairt treorach chun feithiclí tráchtála a choinneáil ródacmhainneach agus beidh sé ar fáil in 2010.



## RÁTAÍ PAS AGUS TEIPE, IONAD AR IONAD 2007

| Líon Iomlán | Ionad Tástála (An Chéad Tástáil) | Pas (An Chéad Tástáil) | Teip (I ndiaidh na hAtástála) | Pas (I ndiaidh na hAtástála) | Teip nó Níor Tháinig de Phasanna | Líon Iomlán na gCarranna a Tástáladh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mainistir na Féile | 5,265 | 4,311 | 3,906 | 405 | 9,171 | 9,576 |
| An tInbhear Mór | 6,468 | 7,395 | 6,427 | 968 | 12,895 | 13,863 |
| Baile Átha Luain | 6,855 | 6,245 | 5,347 | 898 | 12,202 | 13,100 |
| Béal an Átha | 4,652 | 5,016 | 4,435 | 581 | 9,087 | 9,668 |
| An Bhlarna | 14,099 | 11,415 | 9,850 | 1,565 | 23,949 | 25,514 |
| An Doire Beag | 1,506 | 1,568 | 1,475 | 93 | 2,981 | 3,074 |
| Gráinseach an Déin | 38,664 | 31,165 | 27,608 | 3,557 | 66,272 | 69,829 |
| Cahir | 8,825 | 7,515 | 6,522 | 993 | 15,347 | 16,340 |
| Cathair Saibhín | 1,118 | 776 | 718 | 58 | 1,836 | 1,894 |
| Ceatharlach | 8,726 | 8,867 | 7,532 | 1,335 | 16,258 | 17,593 |
| Cora Droma | | | | | | |
| Rúisc | 4,322 | 4,443 | 3,974 | 469 | 8,296 | 8,765 |
| An Caisleán Riabhach | 4,673 | 4,237 | 3,597 | 640 | 8,270 | 8,910 |
| An Cabhán | 4,240 | 4,680 | 4,018 | 662 | 8,258 | 8,920 |
| An Ráth | 5,988 | 4,388 | 3,928 | 460 | 9,916 | 10,376 |
| An Clochán | 1,078 | 1,294 | 1,069 | 225 | 2,147 | 2,372 |
| Corcaigh | 22,562 | 18,719 | 16,676 | 2,043 | 39,238 | 41,281 |
| An Pointe Thuaidh | 48,787 | 48,690 | 41,918 | 6,772 | 90,705 | 97,477 |
| Cnoc an Fhuaráin | 36,840 | 36,900 | 32,000 | 4,900 | 68,840 | 73,740 |
| Dún na nGall | 4,305 | 2,837 | 2,593 | 244 | 6,898 | 7,142 |
| Droichead Átha | 10,300 | 8,530 | 7,339 | 1,191 | 17,639 | 18,830 |
| Dún Dealgan | 6,064 | 5,306 | 4,671 | 635 | 10,735 | 11,370 |
| Inis | 9,142 | 9,751 | 8,382 | 1,369 | 17,524 | 18,893 |
| Inis Córthaidh | 10,450 | 10,816 | 9,187 | 1,629 | 19,637 | 21,266 |
| Gaillimh | 18,791 | 19,333 | 16,728 | 2,605 | 35,519 | 38,124 |
| Cill Chainnigh | 9,016 | 6,286 | 5,298 | 988 | 14,314 | 15,302 |
| Cill Airne | 6,237 | 5,096 | 4,502 | 594 | 10,739 | 11,333 |
| Leitir Ceanainn | 8,884 | 8,771 | 7,784 | 987 | 16,668 | 17,655 |
| Luimneach | 18,298 | 16,189 | 14,352 | 1,837 | 32,650 | 34,487 |
| An Longfort | 4,431 | 4,334 | 3,606 | 728 | 8,037 | 8,765 |
| Maigh Chromtha | 5,583 | 4,650 | 4,189 | 461 | 9,772 | 10,233 |
| Muineachán | 3,890 | 4,011 | 3,582 | 429 | 7,472 | 7,901 |
| An Muileann gCearr | 5,327 | 5,229 | 4,215 | 1,014 | 9,542 | 10,556 |
| Ceanannas | 9,598 | 9,425 | 7,940 | 1,485 | 17,538 | 19,023 |
| An tAonach | 8,692 | 7,608 | 6,791 | 817 | 15,483 | 16,300 |
| An Nás | 13,518 | 13,923 | 11,654 | 2,269 | 25,172 | 27,441 |
| Port Laoise | 6,669 | 6,592 | 5,462 | 1,130 | 12,131 | 13,261 |
| An Sciobairín | 5,703 | 4,863 | 4,363 | 500 | 10,066 | 10,566 |
| Sligeach | 5,004 | 6,587 | 5,580 | 1,007 | 10,584 | 11,591 |
| Trá Lí | 8,075 | 6,336 | 5,656 | 680 | 13,731 | 14,411 |
| Tulach Mhór | 5,474 | 5,802 | 4,851 | 951 | 10,325 | 11,276 |
| Port Láirge | 12,498 | 10,947 | 9,558 | 1,389 | 22,056 | 23,445 |
| Cathair na Mart | 7,806 | 6,854 | 5,958 | 896 | 13,764 | 14,660 |
| Eochaill | 5,254 | 4,425 | 3,984 | 441 | 9,238 | 9,679 |
| **Iomlán** | **433,677** | **402,125** | **349,225** | **52,900** | **782,902** | **835,802** |
| | **51.89%** | **48.11%** | **90.81%** | **6.33%** | **93.67%** | **100%** |

## Ceadúnais do ghluaiseacht Ualaí Leathana/Fada

Caithfidh aon oibreoir ar mian leis feithicil nó ualach a iompar atá taobh amuigh de theorainneacha a cheadaítear sa Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (Trealamh Tógála & a Úsáid) 2003, S.I. Uimh. 5 de 2003 iarratas a dhéanamh ar cheadúnas chun an t-ualach a bhogadh.

Tugadh isteach córas nua sruthlíneach chun ceadúnais speisialta a eisiúint maidir le gluaiseacht ualaí fada leathana ar bhealaí ar leith an 4 Bealtaine 2009. Riarann an Garda Síochána an córas nua agus baineann sé le gluaiseacht feithiclí leathana agus fada (lena n-áirítear ualaí) níos giorra ná 27.4 méadar ar fad agus 4.3 méadar ar leithead ar mhórbhealaí idiruirbeacha agus chuig calafoirt Chorcaí, Rinn an Scidígh agus Ros Láir.

Tá meas leanúnach á dhéanamh ar bhealaí eile le cur sa scéim.  Caithfidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta suirbhéireacht a dhéanamh ar gach bhealach sular féidir iad a chur ar an liosta bealaí sainithe. Chuirfeadh na suirbhéanna seo gnéithe san áireamh cosúil le droichid, ceansú tráchta, leagan amach baile agus cúinsí pobail áitiúla eile.

Is féidir liosta cothrom le dáta de na bealaí a fheiceáil ar láithreáin ghréasáin an RSA agus an Gharda Síochána ag www.rsa.ie agus www.garda.ie

Leanann na hÚdaráis Áitiúla orthu bheith freagrach as iarratais ar cheadúnais speisialta maidir le bealaí náisiúnta nach gclúdaíonn an Rialachán mar aon le bóithre nach bealaí náisiúnta iad agus ualaí mhírialta eile.

## Forfheidhmiú Tarlú Bóthair agus Tacagraif Dhigitigh

Is é ról na Rannóige um Forfheidhmiúchán agus Tacagraf Digiteach seo:

- reachtaíocht AE agus náisiúnta um iompar ar bhóithre a fhorfheidhmiú i dtaobh tacagraf, rialacha AE um uaireanta tiomána, Rialachán um Am Oibre Iompair ar Bhóithre agus ceadúnú oibreoirí tarlú bóthair agus paisinéara chun dul i ngleic le hoibríochtaí fostaithe agus luaíochta.
- scéim eisiúna Cárta Tacagraif Dhigitigh a riaradh ar son an Stáit.




## Gníomhaíocht in 2009

Ba bhliain ghnóthach agus dhúshlánach eile a bhí in 2009 don Rannóg um Forfheidhmiúchán agus Tacagraf Digiteach in aghaidh chúlra na ndroch-choinníollacha geilleagracha don gheilleagar náisiúnta agus don tionscal iompar ar bhóithre.

Áiríodh i measc mórfhorbairtí i rith 2009:

- Cuireadh seirbhísí ionadaíochta dlí i bhfeidhm ar fud an Stáit sa ráithe dheireanach chun an RSA a chumasú chun ionchúisimh a thógáil i gcomhair sáruithe reachtaíochta a bhaineann le hamanna tiomána, bristeacha agus tréimhse sosa, tacagraif, Am Oibre agus le ceadúnú oibreora;
- Cur chuige sprioc-dhírithe i dtaobh forfheidhmiú ag díriú ar oibreoirí neamh-chomhlíontacha a fhaigheann tacaíocht ó chlár riosca a thabhairt isteach;
- Foilsiú pleanálaí balla 2010 d'Oibreoirí Feithicle Tráchtála;
- Sainchomhairliúchán ar thograí an Choimisiúin chun an Treoir um Am Oibre Iompair ar Bhóithre a leasú agus an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair;
- Leanúint ag díriú ar éifeachtacht oibríochtaí;
- Eisíodh 9,036 cárta tacagraif dhigitigh i rith na bliana;
- Ghlac pearsanra an RSA páirt i gcruinnithe idirnáisiúnta ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú beartais maidir le huaireanta tiománaithe agus tacagraif, mar aon le roinnt Clár Malartaithe AE ar ionramháil agus calaois tacagraif dhigitigh.

I rith 2009, d'ardaigh an RSA a réimse seirbhísí oideachasúla agus comhairleacha don tionscal, ag cuidiú leo bheith comhlíontach agus fanacht mar sin. Tá oibreoirí bus agus trucaile agus tiománaithe ann fós, áfach, a cuireann sábháilteacht ar bhóithre i mbaol trí leanúint leo go neamhchomhlíontach.

Bhí ardú suntasach chomh maith i ngníomhaíocht forfheidhmithe i rith 2009, ag tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach in 2008.

Ghlac Oifigigh Iompair RSA páirt i 318 seic ar thaobh an bhóthair in 2009 leis an nGarda Síochána. Cuirtear é seo i gcomparáid le 254 seic ar thaobh an bhóthair i rith 2008.

Rinne Oifigigh Iompair 1,146 seic ar áitreabh i rith 2009, ardú 31% ar sheiceanna 2008.

In 2009, ghlac an RSA páirt i seicphointí comhordaithe ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus ag pointí trasnaithe teorann, a raibh baint teagmháil leis na hÚdaráis sa RA leo. Bhain líon suntasach de na cionta a aimsíodh leis an iomarca tiomána agus easpa bristeacha agus sosanna laethúla.




Tá sé i gceist ag an iarracht forfheidhmithe chomhordaithe:

- Príomhriachtanais reachtaíochta um shábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ag pointí straitéiseacha den ghréasán iompar bóithre in aice le calafoirt agus ag pointí trasnaithe teorann;
- Feidhmíocht um shábháilteacht ar bhóithre an tionscail iompar bóithre a bhaineann le turais trasteorann a leanúint;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe;
- Feasacht a ardú ar rialacha maidir le hamanna tiomána, le bristeacha agus le tréimhsí sosa, mar aon le riachtanais tacagraif;
- Tiománaithe nach bhfuil sábháilte a bhaint de na bóithre trí thoirmisc.
- Úsáid acmhainní a bhreisiú agus bacadh a ardú.

## Gnéithe Straitéiseacha

Is é aidhm straitéis forfheidhmithe an RSA comhlíonadh oibreoirí le reachtaíocht um iompar ar bhóithre AE agus náisiúnta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus dá bhrí sin cur le misean RSA chun saol daoine ar an mbóthar a shábháil. Tá an straitéis seo faoi athbhreithniú leanúnach. Tá sé i gceist leis an gcur chuige forfheidhmithe sábháilteacht ar bhóithre a ardú trí chomhlíonadh oibreoirí agus tiománaithe le rialacha maidir le hamanna tiomána, bristeacha agus tréimhsí sosa agus le riachtanais tacagraif a fheabhsú. Rialaítear uaireanta oibre agus sosa tiománaithe chun tuirse tiománaí a sheachaint. Cuireann tuirse tiománaí isteach ar fheidhmíocht chognaíoch agus mhótair tiománaí trí amanna freagartha a mhoilliú, trí aird ar an timpeallacht sheachtrach tiomána a laghdú agus trí chur isteach ar scileanna tiomána.

Tá an reachtaíocht ar cheadúnú oibreora a fhorfheidhmiú ina phríomhghné den réimse reachtaíochta atá á fhorfheidhmiú ag an RSA. Tá oiliúint phearsanra forfheidhmithe ar riachtanais nua dlí agus dea-chleachtas maidir le forfheidhmiú ina thosaíocht don RSA.

I rith 2009, láidrigh an RSA a chaidreamh láidir oibre leis an nGarda Síochána maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe um iompar ar bhóithre. Díríonn an straitéis fhoriomlán a cuireadh i bhfeidhm maidir le seiceanna ar iarrachtaí forfheidhmithe ar oibreoirí neamhchomhlíontacha agus ag an am céanna ag íoslaghdú an mhíchaoithiúlacht d'oibreoirí atá géilliúil don dlí.

Déileálann Treoir AE 2006/22/EC le forfheidhmiú tacagraif agus rialacha um uaireanta tiománaithe agus tá sé d'oibleagáid ar Bhallstáit íosmhéid seiceanna ar thaobh an bhóthair agus seiceanna áitreabh a dhéanamh. Léiríonn sonraí sealadacha go rachaidh an Stát thar an sprioc iomlán do 2009. Éilíonn sé chomh maith go bhforbróidh Ballstáit córas rátála riosca do ghnóthais iompair bunaithe ar an líon coibhneasta agus ar dhéine aon sáruithe ar na rialacháin um uaireanta tiomána agus tacagraif atá déanta ag gnóthas aonair. Rangaítear oibreoirí rátáilte de réir córas cód dathanna – Dearg, Ómra, Glas – a dhéanann ionadaíocht ar bhaol "An-tromchúiseach" "Tromchúiseach" agus "Mion", faoi seach – ar bhonn a bhfeidhmíocht chomhlíonta choibhneasta. Beidh oibreoirí a bhfuil rátáil ardriosca acu faoi réir ag seiceanna níos minice agus níos déine ar an áitreabh agus ag seiceanna ar thaobh an bhóthair. Tá córas riosca den chineál seo forbartha ag an RSA agus déanfar tuilleadh forbartha air in 2010.

Tá na bearta éagsúla forfheidhmithe, oideachasúla agus comhairleacha atá á gcur i bhfeidhm ag an RSA deartha chun cloí le spriocanna na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012.

## Forbairtí Reachtaíochta

Thosaigh obair ar Choinníollacha Oibre na gComhphobal Eorpach agus an Rialachán um Shábháilteacht ar Bhóithre 2008 a uasdhátú i 2009 agus tá sé fós ar siúl. Chuir an RSA tús chomh maith le forálacha nua dlí a dhréachtú chun éifeacht a thabhairt do Threoracha AE 4 agus 5 de 2009 a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh maidir le rialú uaireanta tiománaithe agus tacagraif. Ina theannta sin, réitigh an RSA, i gcomhar leis an nGarda Síochána, forálacha nua dlí chun foirm aonair thuarascála a bhunú le húsáid ag baill den Gharda Síochána chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe a bhaineann le

tacagraf, le huaireanta tiománaithe agus le seiceanna teicniúla ar thaobh an bhóthair a thaifeadadh. Chuir an RSA tograí isteach chomh maith d'fhorálacha nua dlí chun foráil a dhéanamh do chomhaitheantas ar dhíolúintí tacagraif a bheidh i bhfeidhm in Éirinn, sa RA agus i dTuaisceart Éireann. Anuas air sin, bhí an RSA i dteagmháil leis an Roinn Iompair i dtaca le forbairt córas pionóis socraithe maidir le cionta a bhaineann le hiompar bóthair agus na saincheisteanna dlí casta lena mbaineann a gcaithfear dul i ngleic leo sular gcuirfear aon chóras dá leithéid i bhfeidhm.

## Tuarascálacha ó Bhallstáit eile

Fuarthas tuarascálacha ó Bhallstáit eile a bhain le sáruithe tiománaithe maidir le tacagraf agus le rialacha uaireanta tiománaithe agus iad ag feidhmiú sna Stáit sin. Taifeadtar an fhaisnéis seo agus úsáidtear í le díriú ar oibreoirí. Fuarthas tuarascálacha maidir le 2,541 tiománaí – i gcomparáid le 2,309 tiománaí i 2008. Fuarthas formhór na dtuarascálacha seo ón 'Vehicle Operator Standards Agency' (VOSA) sa Ríocht Aontaithe. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun críocha rátáil riosca.

## Scéim Tacagraif Dhigitigh

I rith 2009, eisíodh 9,036 cárta tacagraif dhigitigh d'iarratasóirí, i gcomparáid le 12,799 in 2008.



## Athbhreithniú ar an Scéim Tacagraif Dhigitigh

I 2009, chuir an RSA tús le hathbhreithniú ar roghanna do riarachán na scéime tacagraif dhigitigh lena n-áirítear forbairt córas iarratais ar líne agus seachfhoinsiú an riaracháin do thríú páirtí.





# Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha na córais agus na struchtúir ar fáil a chumasaíonn an RSA na feidhmeanna a thugann an tAire Iompair dóibh a sheachadadh go héifeachtach, faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. I measc feidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha, arna leagan amach thíos, tá:

- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Cúram d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí
- Bainistiú Eastáit
- Cumarsáid

Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach chomh maith as pleanáil gnó agus eagraíochtúil agus rialachas corparáideach, lena n-áirítear iniúchtaí inmheánacha.

### RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Tá an RSA tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil mar chuid d'fhorfheidhmiú leanúnach an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. I 2009, reáchtáil Bord an RSA deich gcruinniú agus reáchtáil an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí cúig chruinniú. Aontaíodh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an RSA Plean Iniúchta Inmheánaí, ag clúdach tréimhse 2009. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha an RSA (Mazars) an plean i bhfeidhm agus rinne siad tuairisciú air.**



## Acmhainní Daonna

Tá an RSA tiomanta do chaidrimh oscailte, macánta agus táirgiúla lena bhfostaithe. Forbraíodh lámhleabhar don fhoireann, a leagann amach tacaíocht an RSA dá ndaoine agus a gcur chuige ina leith. Tá beartais Acmhainní Daonna curtha chuig ceardchumainn agus sainíonn siad seo mar aon le nósanna imeachta bainistithe Acmhainní Daonna cur chuige an RSA i leith cumarsáid foirne, rannpháirtíochta ag gach leibhéal, cinnireachta agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo.

Tá sé tábhachtach go spreagann agus go gcothabhálann Acmhainní Daonna cumarsáid agus sainchomhairliúchán idir fostaithe agus an lucht bainistíochta. Leanann Acmhainní Daonna ag tacú leis an bpríomhchaidreamh agus freagracht dó seo agus á spreagadh, trí chaidreamh an fhostaí agus a m(h)aoirseora nó c(h)eannaire foirne. Cuireann Cruinnithe IRC, Comhpháirtíocht agus bearta eile bealach éifeachtach ar fáil chun fostaithe a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna tábhachtacha, cosúil leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre, feidhmíocht, Sláinte agus Sábháilteacht agus ceisteanna timpeallachta feidhmíochta eile.

Bhí spriocanna 2009 i bhfeidhm lena chinntiú gur shásaigh an RSA a riachtanais reachtúla agus iniúchta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus aonair, trí mheastóireacht agus athbhreithniú rialta in aghaidh caighdeáin dea-chleachtais.

Tá obair na Roinne Acmhainní Daonna leagtha amach le tacú leo siúd atá freagrach as bainistiú laethúil ar fud na coda eile den RSA. I 2009, díríodh ar bhainistiú feidhmíochta, ar bhainistiú freastail agus ar bhreisoiliúint foirne le dul i ngleic le dúshláin na heagraíochta.

I rith 2009, ghlac an Roinn le dearcadh athnuaite ar bhainistiú freastail agus saoire bhreoiteachta. Cuireadh oiliúint ar na bainisteoirí ar fad lena chinntiú go mbeadh cur chuige comhsheasmhach ann agus chun cultúr dearfach freastail a spreagadh ag gach leibhéal agus i ngach páirt den eagraíocht.

Bhí 314 ball foirne fostaithe an 31 Nollaig 2009, arbh ionann é agus Coibhéis Lánama (WTE) de 300.

## Comhionannas Fostaíochta

Tá an RSA comhlíontach leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2004 agus le gach reachtaíocht infheidhmithe fostaíochta eile. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RSA lena chinntiú nach ndéanfar aon idirdhealú mídhleathach, díreach nó indíreach.

Rinneadh athbhreithniú ar gach beartas acmhainní daonna agus pléadh 18 bpríomhbheartas leis an IRC. Críochnaíodh agus forfheidhmíodh cáipéisí nósanna imeachta acmhainní daonna.



## Comhpháirtíocht

Tá ról tábhachtach ag grúpa Comhpháirtíochta an RSA sa phróiseas cinnteoireachta laistigh den eagraíocht.

Tá an RSA / Comhpháirtíocht Chomhghuaillíochta Cheardchumainn fréamhaithe i gcomhthéacs na gComhaontuithe Náisiúnta Pá i measc na gcomhpháirtithe sóisialta (an Rialtas, ICTU agus IBEC).

Tugann comhpháirtíocht an Lucht Bainistíochta agus Comhghuaillíocht na gCeardchumann le chéile chun tuiscint a thógáil ar shuimeanna a chéile agus chun réitigh ar aon fhadhbanna a fhorbairt le chéile. Meastar gach duine bheith ar comhchéim ag an mbord agus spreagtar rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht. Tá éascaitheoir neamhspleách ina c(h)athaoirleach ar gach cruinniú de chuid na Comhpháirtíochta.

Ó bunaíodh í, tá an Chomhpháirtíocht fásta in éifeachtúlacht agus in éifeachtacht. Bíonn na cruinnithe ar siúl gach mí, ag a ndéanann Bainisteoirí Sinsearacha tuairisciú ar réimse fairsing saincheisteanna. Freastalaíonn Stiúrthóir ar na cruinnithe chomh mhaith chun eolas cothrom le dáta a thabhairt maidir le cúrsaí gnó.

Réitíodh saincheisteanna go rathúil trí Chomhpháirtíocht, agus dá bhrí sin ní bhíonn gá an Chomhairle Chaidreamh Tionsclaíoch (IRC) a thabhairt isteach.

Úsáideann Comhpháirtíocht struchtúir fochoiste nuair a theastaíonn siad chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a ardaítear agus chun cumarsáid a dhéanamh le fostaithe an RSA.

Tá oiliúint faighte ag rannpháirtithe sna scileanna riachtanacha do Chomhpháirtíocht, cosúil le:

- Cumarsáid
- Dialóg
- Cinnteoireacht
- Bainistiú coimhlinte
- Réiteach fadhbanna bunaithe ar shuimeanna
- Forbairt ghrúpa
- Ag bainistiú athrú agus aistriú

I measc roinnt de na topaicí ar dhéileáil an Chomhpháirtíocht leo go rathúil i 2009 tá:

**Plean Gnó an RSA**

Cuireadh Plean Gnó an RSA faoi bhráid na Comhpháirtíochta chun é a phlé.

**Cóiríocht Foirne**

Rinne fochoiste na Comhpháirtíochta teagmháil leis an Lucht Bainistíochta ar gach gné den chóiríocht.

**Sláinte & Sábháilteacht**

Cuireadh tuarascálacha Sláinte & Sábháilteachta faoi bhráid na Comhpháirtíochta go rialta. Cumarsáid Inmheánach

Lean Comhpháirtíocht ar aghaidh bheith páirteach i nuachtlitir ráithiúil an RSA agus sa Scéim Mholtaí i 2009.

**Teicneolaíocht Faisnéise (IT)**

Rinneadh plé ar go leor topaicí a bhaineann le IT i rith na bliana, lena n-áirítear céimeanna éagsúla den Chóras nua Iarratais ar Thástáil Tiománaithe.

**Club Spóirt agus Sóisialta**

I 2009, bhí Club Spóirt agus Sóisialta an RSA an-ghníomhach i ngníomhaíochtaí spóirt agus sóisialta (fochoiste de chuid na Comhpháirtíochta é an Club).

**Saincheisteanna Buiséid**

Cuireadh tuarascálacha maidir le maoiniú an RSA faoi bhráid an choiste ag tréimhsí rialta.

**An Próiseas Comhpháirtíochta**

Pléadh go rialta baint na Comhpháirtíochta leis an RSA agus an tionchar atá aige ar rith na heagraíochta.

## Caidrimh Thionsclaíocha

Oibríonn an Roinn Acmhainní Daonna leis na Ceardchumainn agus le hionadaithe foirne chun dea-chaidrimh oibre a bhaint amach agus tá sí tiomanta le chur chun cinn timpeallacht dhea-Chaidreamh Tionsclaíoch tríd an gComhairle Caidreamh Tionsclaíoch (IRC). Tháinig an IRC le chéile faoi dhó i 2009 agus bhí roinnt comhchruinnithe aige le roinnt ceardchumainn aonair. Tá ardleibhéal idirghníomhaíochta leanúnaí ag an RSA le hionadaithe foirne ag leibhéil áitiúla.

## An tAcht um Míchumas 2005, Cuid 5 Tuairisciú

Amhail an 31 Nollaig 2005, b'ionann an líon daoine faoi mhíchumas fostaithe ag an RSA agus 2.6% dá bhfoireann iomlán.

Léirigh daonáireamh, a rinneadh ar aon dul le treoirlínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais (NDA), go raibh an RSA beagán faoin riachtanas 3% do dhaoine faoi mhíchumas a fhostú, arna leagan amach i gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005.

Áiríodh i measc gníomhartha ina dhiaidh sin athbhreithniú ar chleachtas, ar nósanna imeachta agus ar chomhlíonadh an Chóid chuí Chleachtais (Cód Cleachtais um Fhostú Daoine faoi Mhíchumas i Státseirbhís na hÉireann).

| **Léirigh na torthaí:** | |
|---|---|
| Líon Iomlán Fostaithe | **314 (líon daoine)** |
| Suirbhéanna a fuarthas ar ais | **246** |
| Daoine faoi Mhíchumas | **8** |
| Is ionann céatadán d'fhoireann an RSA atá faoi mhíchumas mar a leagadh amach sa daonáireamh agus | **2.6% de líon iomlán na bhfostaithe** |

## Oiliúint agus Forbairt

Déanann an RSA iarracht:

- Bheith mar an chomhlacht phoiblí is fearr in Éirinn;
- Básanna bóthair agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú go leanúnach;
- Bheith mar an fostóir is fearr agus an luach is fearr ar airgead a chur ar fáil;
- Meas bheith ar an RSA ina réimse oibre, ag léiriú sláine, muinín agus creidiúnachta ina n-oibríochtaí ar fad.

Tá críoch curtha le lámhleabhar foirne agus é mar aidhm an fhoireann a chur ar an eolas maidir le bealaí oibre an RSA. Leagann an lámhleabhar amach ionchais gach fostaí, mar aon le rialacha agus rialacháin.

Dearadh oiliúint bainistíochta a tharla i rith na bliana chun é seo a bhaint amach, agus cuireadh ionad oiliúna ar an RSA agus Riarachán Poiblí le croí-aonaid FETAC. Thug 26 duine ón ionad riaracháin agus maoirseoirí tástála tiománaithe faoin oiliúint seo, a thosaigh in 2008. Críochnaíodh an oiliúint go sásúil in 2009.

Chuir oiliúint chúram do chustaiméirí, scileanna scríobh gnó agus oiliúint eile le cuspóirí iomlána an RSA.

## Beartas Béarla Soléite

Aimsíodh i Suirbhé Litearthachta Idirnáisiúnta i measc Daoine Fásta an OECD go bhfuil fadhbanna ag duine as gach ceathrar - timpeall leathmhilliún - fásta Éireannach, idir 16-64, le tascanna simplí litearthachta.

Mar fhreagra air seo, tá beartas Béarla Soléite curtha i bhfeidhm ag an t-Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre dá mbileoga agus leabhráin faisnéise poiblí um shábháilteacht ar bhóithre.

Téann an RSA i sainchomhairliúchán leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta do Dhaoine Fásta (NALA) chun slán a dhéanamh de stampa formheasa 'Béarla Soléite' a fháil ar na foilseacháin seo.

Ní chuireann an "NALA" a lógó ar fáil i gcáipéisí ach amháin nuair a fhaomhann sé go bhfuil an teanga agus an leagan amach sách soiléir don léitheoir a bhfuil sé beartaithe dó/di.





## Airgeadas

Is é príomhaidhm na Rannóige Airgeadais a chinntiú go bhfuil riarachán láidir airgeadais ag an t-Údaráis de réir timpeallacht láidir smachtaithe inmheánaí.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Rannóg Airgeadais an RSA:

- Buiséadú
- Tuairisciú airgeadais
- Bainistiú iniúchtaí – inmheánach agus seachtrach
- Cothabháil Ghinearálta Mhórleabhair
- Párolla
- Taisteal agus cothabháil
- Íocaíochtaí
- Ceannach
- Bainistiú airgid agus cistíochta
- Cothabháil rialuithe inmheánacha airgeadais
- Aitheantas ioncaim d'fhoinsí ioncaim an Údaráis
- Bainistiú ar mhaoiniú an státchiste
- Bainistiú gach comhlíonta cánach ar son an Údaráis.

Ba bhliain chomhdhlúthaithe í 2009 do Rannóg Airgeadais an Údaráis agus is iad seo a leanas buaicphointí na bliana:

- Forfheidhmiú iomlán an chórais cheannaithe uathoibríoch san Údarás;
- Mionchoigeartú agus uasdhátú leanúnach ar gach rialú inmheánach airgeadais;
- Comhlánú Clár Iniúchta Inmheánaí do 2009;
- Comhlánú Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ráiteas Airgeadais 2008 don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2008 agus nochtadh tuairim gurbh iniúchadh glan é;
- Lean an Rannóg Airgeadais ar aghaidh agus ról ceannaireachta aici i soláthar poiblí san Údarás agus ghlac sí páirt i dtairiscintí soláthair phoiblí lena chinntiú go gcloítear le gach riail agus rialachán soláthair phoiblí.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (ICT)


I rith 2008, bhí an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag díriú ar chomhdhlúthú agus ar fheabhsú na seirbhíse a chuireann an RSA ar fáil do chustaiméirí taobh istigh den eagraíocht agus taobh amuigh di. Cheadaigh réitigh theicniúla a sheachadadh trí athbhreithniú agus anailís éifeachtach ar phróisis atá ann don RSA a seirbhís a fheabhsú.

Is féidir sampla maith de seo a fheiceáil sa Tástáil nua Tiománaithe agus sa Chóras Iarratais chun tacú le tástáil tiomána. Forbraíodh an córas nua gréasán-bhunaithe seo trí phróiseas lánchuimsitheach sainchomhairliúcháin. Áirítear leis na feabhsúcháin leis an gcóras nua seo an cumas chun féinsceidealú ar líne, agus ba chóir go laghdódh sé seo an ráta cealaithe agus athsceidealaithe i measc iarrthóirí don tástáil tiomána.

Tá teicneolaíocht faisnéise na heagraíochta mionathraithe ag an rannóg ICT le cloí le hathruithe sa reachtaíocht, mar shampla tabhairt isteach CPC Tiománaithe. Chuir sé seo ar chumas an RSA ceadúnais CPC Tiománaithe a eisiúint, seirbhís a leanfaidh ag fairsingiú i rith 2009. Is é láithreacht ghréasáin an RSA an fhuinneog thosaigh do gach custaiméir seachtrach de chuid an RSA agus bhí an láithreán gréasáin www.rulesoftheroad.ie ar an ngearrliosta do ghradam ríomh-Rialtais in 2008.

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag foireann ICT an RSA mar iarracht cultúr "is fearr sa réimse" a thiomáint chun an eagraíocht a chumasú chun na príomhaidhmeanna agus cuspóirí a sheachadadh.

## Staitisticí




Is iarratais ar líne atá i 60% de na hiarratais anois.

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag foireann ICT an RSA mar iarracht cultúr "is fearr sa réimse" a thiomáint chun an eagraíocht a chumasú chun na príomhaidhmeanna agus cuspóirí a sheachadadh.

## Bainistiú Eastáit

## Ceanncheathrú Corparáideach



Tá láithreacht ag an RSA i níos mó ná 50 ionad ar fud na tíre. Áirítear anseo a cheanncheathrú i mBéal an Átha, fo-oifig i mBaile Locha Riach agus ionaid tástála tiomána ag suíomhanna éagsúla ar fud na tíre. Úsáideann an RSA seirbhísí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a bhainistíonn, trína Seirbhísí Bainistithe Maoine agus Cothabhála Maoine, soláthar agus cothabháil chóiríocht oifige do Ranna, d'Oifigí agus do Ghníomhaireachtaí Rialtais.

Tá bail agus oiriúnacht leanúnach na n-ionad tástála tiomána faoi athbhreithniú seasta agus tá an RSA i gcainteanna leanúnacha leis an OPW maidir le cothabháil agus athchur, más cuí, ionaid tástála tiomána. I rith 2009, osclaíodh dhá Ionad nua Tástála Tiomána – ceann i gCill Airne, Contae Chiarraí ar thailte an ráschúrsa in Iúil agus sa Choillín i Loch Garman i mí na Nollag. I rith 2009 chomh maith, rinneadh oibreacha athchóirithe ag Ionad Tástála Tiomána Chora Droma Rúisc chun an t-ionad sin a thabhairt chuig caighdeán inghlactha agus fuarthas maoiniú chun móroibreacha athchóirithe a dhéanamh ag Ionad Tástála Tiomána Ros Comáin i rith 2010. I mí Lúnasa 2009, bhog an tIonad Tástála Tiomána i mBéal an Átha óna shuíomh in Oifigí an Rialtais go dtí Ceanncheathrú an RSA ag Cnoc an tSabhaircín.



## Saoráil Faisnéise (FOI)

Níl an RSA clúdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise mar go bhfuil reachtaíocht chumasaithe ag teastáil chun na forálacha a shíneadh go dtí an eagraíocht. De réir na Roinne Airgeadais, atá freagrach as na hAchtanna, tá an próiseas ar siúl anois chun na hAchtanna FOI a shíneadh chuig an RSA. Ag feitheamh ar shíneadh dá leithéid, tá cinneadh déanta ag an RSA a ghnó a dhéanamh ar bhealach chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus ar féidir leo agus feidhmítear ar an mbonn céanna agus a fheidhmeodh dá mbeadh Achtanna FOI i bhfeidhm.

I rith 2009, láimhseáil an RSA ocht n-iarratas um Shaoráil Faisnéise faoin gcomhaontú seo.

I Meitheamh 2009, chríochnaigh an RSA a bpróiseas cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, dá bhrí sin ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht Cosanta Sonraí. I rith 2009, ní bhfuarthas aon iarratas rochtana faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## An Roinn Cumarsáide

Thacaigh an Roinn Cumarsáide leis na Stiúrthóireachtaí éagsúla le feidhm preasoifige taobh istigh agus taobh amuigh d'uaireanta oifige i rith 2009. Eisíodh tuairim agus 80 preaseisiúint ó fhógraí maidir le feachtas um shábháilteacht ar bhóithre, foilsiú tuarascálacha / staidéar taighde agus foláirimh um shábháilteacht ar bhóithre. Chomh maith leis sin, d'fhreagair an Roinn na céadta ceist meán ó na meáin náisiúnta agus áitiúla.

Cuireann an Roinn Cumarsáide an tacaíocht chumarsáide seo a leanas ar fáil do Stiúrthóireachtaí an RSA:

- Fógraíocht
- Urraíocht
- Tionscnaimh
- Bainistiú imeachtaí
- Na meáin nua / margaíocht dhigiteach
- Caidreamh leis na meáin
- Caidreamh poiblí

Plain English
Approved by NALA

## Beartas Béarla Soléite

Léirigh Suirbhé Litearthacht Idirnáisiúnta i measc Daoine Fásta an OECD go bhfuil fadhbanna ag duine as gach ceathrar, (is é sin, timpeall leathmhilliún duine fásta in Éirinn, idir 16-64 bliain d'aois), le tascanna simplí litearthachta.

Mar fhreagra air seo, tá beartas Béarla Soléite curtha i bhfeidhm ag an t-Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre dá mbileoga agus leabhráin faisnéise poiblí um shábháilteacht ar bhóithre.

Téann an RSA i sainchomhairliúchán leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta do Dhaoine Fásta (NALA) chun slán a dhéanamh de stampa formheasa 'Béarla Soléite' a fháil ar na foilseacháin seo.

Cuireann NALA an lógó ar fáil cáipéis amháin ag an am nuair a fhaomhann sé go bhfuil an teanga agus an leagan amach sách soiléir don léitheoir a bhfuil sé beartaithe dó.



## Sláinte agus Sábháilteacht

Aithnítear laistigh den RSA go bhfuil bainistiú riosca sa réimse sláinte agus sábháilteachta mar phríomhghné chun sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí, custaiméirí agus bhaill an phobail a bhféadfadh tionchar bheith ag gníomhaíochtaí an údaráis orthu a chinntiú. Cabhróidh bainistiú éifeachtach riosca san RSA le folláine agus le táirgiúlacht gach fostaí a uasmhéadú agus cabhróidh sé chomh maith le gortuithe a chosc. Cuireann bainistiú éifeachtach riosca dearbhú dearfach ar fáil do chlú an RSA i súile custaiméirí, soláthraithe, páirtithe leasmhara eile agus an phobail i gcoitinne. Cuideoidh sé freisin chun caidreamh níos fearr a spreagadh le conraitheoirí agus gníomhaíochtaí conraithe níos éifeachtaí.

Bhí deimhniú na heagraíochta chuig caighdeán OHSAS 18001:2007 mar phríomhsprioc ag an RSA faoi dheireadh 2008. Baineadh amach an sprioc seo i mí na shamhna 2008. Láithreach, ba é an sprioc a leagadh amach do 2009 an deimhniú a chothabháil. Baineadh amach é seo i rith 2009 tar éis iniúchadh a rinne NSAI.

Forbraíonn agus forfheidhmíonn an RSA a mbeartais sláinte agus sábháilteachta trí chreat comhpháirtíochta. Lean an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta, a bunaíodh ó ionadaithe foirne agus bainistíochta, ar aghaidh lena obair ar feadh na bliana. I rith 2009, tar éis athbhreithniú agus comhairle a fháil ón HSA, fuair gach tástálaí tiománaithe oiliúint mar mhaor dóiteáin. Anuas air sin, ag deireadh 2009, chuir an RSA tús le tionscadal i gcomhar le Gníomhaireacht Éilimh an Stáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar chóras saoil agus sábháilteachta i ngach foirgneamh ina bhfuil an RSA. Chomh maith leis sin, fuair Oifigigh Iompair agus Cigirí Feithicle oiliúint iomlán maidir le Comharthaíocht, le Soilsiú agus le Gardáil lena sábháilteacht a chinntiú agus iad i mbun a ndualgas ar bhóithre na tíre, agus dá bhrí sin ag comhlíonadh oibleagáidí an RSA faoin Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair.

Thosaigh an dara céim den Chóras Comhtháite Bainistithe i mí Bealtaine 2008, ag díriú ar dtús ar nósanna imeachta agus próisis um Ghearáin Chustaiméirí, ach ní dhearnadh mórán dul chun cinn de bharr bheith ag díriú ar dheimhniú.

Níl sa deimhniú chuig caighdeán OHSAS 18001 ach cuid amháin de Chóras Comhtháite Bainistithe a bhfuil sé i gceist ag an RSA a chur i bhfeidhm. Is é an aidhm atá leis córas inbhuanaithe a thógáil ar féidir a dheimhniú chuig na caighdeáin ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

Is féidir na réimsí a bhriseadh síos go leathan mar seo a leanas:

- Comhlíonadh Sláinte & Sábháilteachta (OHSAS 18001)
- Dearbhú Cáilíochta (ISO 9001)
- Tionchar ar an gComhshaol (ISO 14001)
- Creidiúnú do na comhlachtaí a fheidhmíonn deimhniú daoine ISO 17024 do Thástáil Tiománaithe

Leanadh le hobair ar gach ceann de na réimsí seo a chur ar aghaidh i rith 2009.



# AGUISÍN I

## SLIOCHT AS RÁITIS AIRGEADAIS AN RSA

**An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre**
**Ráitis Airgeadais nár Iniúchadh**
**Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2009**

*Leathanach*

Clár Ábhar....................................................................56

Faisnéis Ghinearálta ....................................................57

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis ..............................58

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais .........................59-60

Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta ...............................61-63

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.......................................64

Clár Comhardaithe ........................................................65

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Béal an Átha<br>Contae Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Noel Brett – Príomhfheidhmeannach<br>An tUasal Peter Dennehy – Stiúrthóir, Seirbhísí Corparáideacha<br>An tUasal Denise Barry – Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí<br>An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe<br>An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bóithre,<br>Taighde agus Oideachas Tiománaithe |
| **Baill den Bhord** | An tUasal Gay Byrne – Cathaoirleach<br>An tUasal Áine Cornally<br>An tUasal Myra Garrett<br>An tUasal Paul Haran<br>An tUasal Thomas Kelly<br>An tUasal Aaron MacHale<br>An tUasal Ann McGuinness<br>An tUasal Tony McNamara<br>An tUasal John O'Gorman |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Contae Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaíonn Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar an bPríomhfheidhmeannach cuntais a chur le chéile agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas:

- beartais chuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- cuntais a chur le chéile ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás orthu i mbun feidhme.
- aon difríocht ábhair ó chaighdeáin bhainteacha cuntasaíochta a nochtadh nó a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnta, a staid airgeadais ag tráth ar bith agus a chabhraíonn leo a chinntiú go gcloíonn na cuntais le Ceanglais Reachtúla. Sa mhullach air sin, tá an tÚdarás freagrach as a gcuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a chur díobh le calaois, mar aon le mírialtachtaí eile, a chosc agus a aimsiú.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Chuir an tÚdarás roinnt céimeanna díobh chun a chinntiú gur ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta, údarás agus freagracht a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna foirmiúla imeachta a chruthú le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar chosaint sócmhainní;
- nós freagrachta in uile leibhéal na heagraíochta a fhorbairt.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach thuairiscithe bainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas mar aon le córas toscaireachta agus freagrachta, lena n-áirítear:

- córas tuairiscithe airgeadais a mbaintear leas coitianta as ar fud na hearnála poiblí;
- creatlach fhoirmiúil bhliantúil bhuiséadaithe agus pleanála gnó;
- athbhreithniú an Bhoird ar chuntais bhainistíochta an Údaráis ar bhonn ráithiúil.

Le linn 2009, tharraing an tÚdarás €32,834,000 ón Roinn Iompair – b'ionann é seo agus méid iomlán an mhaoinithe a soláthraíodh don RSA i Vóta na Roinne sin. Mhéadaigh an RSA a n-ioncam nár tháinig ón Státchiste faoi €1,128,122 de bhreis ar an méid ar leagadh amach dó i mbuiséad. Chomh maith leis sin, bhain siad éifeachtúlachtaí amach i seachadadh seirbhíse agus bhí laghduithe ar ghníomhaíochtaí ragoibre sa tseirbhís um thástáil tiománaithe. Cuireadh deireadh le conradh tríú páirtí freisin mar gheall ar neamhábaltacht an tsoláthróra seachadadh; bhí laghdú €3,376,478 ar an gcaiteachas i gcoinne an bhuiséid bhunaidh dá thoradh. B'ionann a mbarrachas don bhliain agus €12,874,460. Bhí barrachas €4,200,000 pleanáilte ag an Údarás, a comhaontaíodh leis an Roinn Iompair, leis an tionscadal um Thástáil Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála a mhaoiniú. B'ionann a mbarrachas carntha ag deireadh na bliana agus €8,952,903 tar éis easnamh tosaigh €3,921,557 a chur san áireamh. B'ionann iarmhéid bainc an Údaráis ag deireadh na bliana agus €12,214,733.

Sular chinn siad an méid iomlán de mhaoiniú Státchiste na bliana a tharraingt, rinne an tÚdarás teagmháil leis an Roinn inar leagadh amach a staid airgeadais agus an maoiniú a bhí de dhíth le haghaidh Chlár Thástáil Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála. Leithdháileadh €4,200,000 den bharrachas in 2009 mar ranníocaíocht faoi choinne chostas iomlán caipitil an Chláir seo a mheastar a chosnóidh €10,313,000 idir 2010-2012. Rinneadh tarraingt anuas an mhaoinithe de réir na próifíle a comhaontaíodh leis an Roinn.

Níl tarraingt anuas an mhaoinithe nach dteastaíonn le freastal ar na riachtanais reatha de réir na rialacha a leagtar amach i Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, agus bunaithe ar an gcomhairle seo ón C&AG, comhoibreoidh an tÚdarás leis an Roinn in 2010 le nósanna imeachta um tharraingt anuas a neartú agus beidh siad ag súil le nósanna imeachta a neartú le luaineacht a láimhseáil maidir le hioncam nach dtagann ón Státchiste.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais de chuid an Údaráis ar obair an iniúchóra inmheánaigh; ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Lean an tÚdarás lena gcuid oibre le méid agus le dealraitheacht an bhaoil ó thaobh riosca gnó in 2009 a fháil amach. Cuirfear leis an obair seo le linn 2010 d'fhonn Clár Rioscaí a fhorbairt a bhainfidh an méid seo a leanas amach;

- saghas, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí uile atá os comhair an Údaráis a shainaithint
- an dealraitheacht a mheas i ndáil le cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh na rioscaí arna sainaithint i gceist
- cumas an Údaráis a mheas i ndáil le rioscaí a bhíonn i gceist a bhainistiú agus a mhaolú

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2009.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas iad na beartais thábhachtacha cuntasaíochta arna nglacadh sna ráitis airgeadais seo:

### Bonn na Cuntasaíochta

Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le caighdeáin um thuairisciú airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeáin infheidhmithe. Cuirfidh an tÚdarás na ráitis airgeadais in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Iompair de réir Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

### Deontas an Stáit

Léiríonn Deontas an Stáit sa Chuntas Ioncaim agus  Caiteachais an tsuim arna fáil ón Roinn Iompair sa tréimhse i gceist.

### Ioncam Eile

Léiríonn Ioncam Eile ioncam arna ghnóthú ag an Údarás. De réir an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 agus an Ordaithe um an Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Feidhmeanna a Thabhairt) 2006 – Ionstraim Reachtúil 477 de 2006, is iad na príomhghnéithe Táillí ar Thástáil Tiomána, an Táille ar an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán, fáltais Tacagraif Dhigitigh agus suimeanna eile a eascraíonn as feachtais agus as cláir an Údaráis.
Aithnítear Táillí ar Thástálacha Tiomána, ar Thástáil Tacagraif Dhigitigh agus ar Thástáil Teagascóra Cheadaithe Tiomána ar bhonn fáltas airgid.

Léirítear an uile ioncam eile faoin modh fabhraithe cuntasaíochta.

### Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais ar bhonn dronlíne, ar na rátaí mar atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartuithe do luach iarmharach, thar a saolréanna eacnamaíocha fónta mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Saintrealamh agus Trealamh Teileachumarsáide | 3 bliana |
| Crua-earraí | 3 bliana |
| Bogearraí Feidhmchláir | 3 bliana |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

### Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a caitheadh ar fheidhmeanna caiteachais chaipitil.

### Airgeadra Iasachtach

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro i rith na tréimhse de réir an ráta a bhí i gceist lá an idirbhirt agus áirítear iad seo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro de réir an ráta a bhí i gceist tráth dháta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as seo a áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist.

### Pinsin Ball Foirne a Aistríodh

D'aontaigh an Roinn Iompair, arna dhul i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais, go mbeadh cearta rochtana ag baill foirne a aistríodh chuig an Údarás an 1 Eanáir 2007 ar feadh idirthréimhse thrí bliana ó lá dílsithe an Údaráis, ar iomaíochtaí rannacha agus idir-rannacha ar an mbonn céanna amhail roimhe agus go bhféadfadh baill foirne riaracháin a aistríodh cur isteach ar athchóiriú fostaíochta sa státseirbhís.  Ar an ábhar sin, ní shíltear go bhfuil sé iomchuí na dliteanais phinsin lena mbaineann na státseirbhísigh seo a áireamh i ráitis airgeadais an Údaráis.  Tá ranníocaíochtaí um pinsin na mball foirne in-aisíoctha leis an Roinn Iompair. Bhí 161 ball foirne i dteideal seo amhail an 31 Nollaig 2009.

Is ann do scéim pinsin eile, Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, atá i bhfeidhm i ndáil leis na baill eile foirne a chaith tráth leis an Údarás trí chórais sheachtracha iomaíochta agus trí mheáin eile. Bhí 142 ball foirne i dteideal seo amhail an 31 Nollaig 2009.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

### Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Forálann Alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 bunú Scéim Aoisliúntais ag an Údarás. Tá an scéim á feidhmiú ag an an Údarás ar bhonn riaracháin ar feitheamh a ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais.

Scéim shainithe sochair is ea an scéim a ndéantar cistiú uirthi go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a bhfuil fáil ag an scéim air, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Iompair ar fáil.

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn fabhraithe agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe sa tréimhse agus léirítear iomlán na ranníocaíochtaí pinsin atá in-aisíoctha leis an Roinn. Sonraítear suim ar ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais arna bhfáil sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Roinn Iompair.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a ghnóthaigh baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhse amach anseo ón Roinn Iompair.

### Stoc

Déantar luacháil ar stoic ábhair cheadúnais de réir an ghlanluacha inréadaithe agus de réir an luacha níos ísle inréadaithe.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| Deontas Stáit | 32,641,000 | 40,421,757 |
| Aistriú go/(ó) Cuntas Caipitil | 1,283,725 | (2,378,688) |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 1,566,000 | 1,500,000 |
| Ioncam Eile | 15,182,731 | 19,155,387 |
| | **50,673,456** | **58,698,456** |
| Costais Foirne | (19,262,806) | (24,019,459) |
| Comhairle Theicniúil | (863,240) | (2,045,551) |
| Costais Riaracháin | (4,660,888) | (4,107,085) |
| Costais Clár | (9,899,657) | (30,715,261) |
| Costais Phinsin | (1,539,000) | (1,478,000) |
| Dímheas | (1,573,405) | (893,288) |
| | **(37,798,996)** | **(63,258,644)** |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | **12,874,460** | **(4,560,188)** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | **(3,921,557)** | **638,631** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **8,952,903** | **(3,921,557)** |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2009

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 2,536,424 | 3,820,149 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 12,214,733 | 242,130 |
| Féichiúnaithe agus ioncam fabhraithe | 459,896 | 982,802 |
| Stoc | 111,325 | 272,516 |
| Réamhíocaíochtaí | 216,022 | 207,154 |
| | **13,001,976** | **1,704,602** |
| **CREIDIÚNAITHE (SUIMEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (4,049,073) | (5,626,159) |
| | **(4,049,073)** | **(5,626,159)** |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | **8,952,903** | **(3,921,557)** |
| **CREIDIÚNAITHE (SUIMEANNA DLITE I NDIAIDH NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN)** | | |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsin | (18,057,000) | (14,703,000) |
| Dliteanais Phinsin | 18,057,000 | 14,703,000 |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais) Iomlána** | **11,489,327** | **(101,408)** |
| **Léirithe sa** | | |
| **Chuntas Caipitil** | 2,536,424 | 3,820,149 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | 8,952,903 | (3,921,557) |
| | **11,489,327** | **(101,408)** |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Oibriú lena Chéile le Saolta a Shábháil

**Ba mhian leis an RSA a mbuíochas a chur in iúl do na heagraíochtaí a leanas as a gcuid tacaíochta in 2009:**

Advance Pitstop
An Garda Siochana
An Post
Automobile Association
Britax
Bus Éireann
Commission for Taxi Regulation
Coach Tourism and Transport Council
Cork University Hospital
County Childcare Committees
Department of Education & Science (TY Programme)
Department of the Environment, Heritage & Local Government
Department of Transport
Derrywash National School
Department of the Environment Northern Ireland
Dublin Bus
Dublin Transportation Office
European Transport
Safety Council
Fleet Magazine
Health & Safety Authority
Health Service Executive
Hibernian Aviva
Highland Radio
Irish Banking Federation (IBF)
Irish Farmers Association (IFA)
Irish Farmers Journal (IFJ)
Irish Road Haulage Association (IRHA)
Local Authorities
MEAS
Met Eireann
Medical Bureau of Road Safety (MBRS)
Muintir na Tire
Mid West Radio
National Community for a National Rehabilitation Hospital
National Standards Authority of Ireland (NSAI)
National Roads Authority
Office for the Minister for Children
Ordnance Survey Ireland
PARC
Pharmaceutical Society of Ireland
Responsible Young Drivers (YTD)
Reynolds Logistics Ltd
Road Safety Together
Working Groups
Westward Scania
Society for the Irish Motor
Industry (SIMI)
Third Level Colleges
Tony Kealy's Baby Store
Topaz
Trinity College
TSB Agri Finance
Union of Students Ireland
University College Cork (UCC)
Volvo

# Oibriú lena Chéile le Saolta a Shábháil

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo
íosghlao: 1890 50 60 80 facs: (096) 25252 r-phost: info@rsa.ie suíomh gréasáin: www.rsa.ie